Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12815/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0338 (NLE)**

**PECHE 263**
**UK 212**
**N 87**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 662 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 662 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 662 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 29.10.2025
COM(2025) 662 final

2025/0338 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI) ('an Bunrialachán') leagtar amach cuspóirí atá, i measc cuspóirí eile, le cur i bhfeidhm agus deiseanna iascaireachta á mbunú, i.e. teorainneacha gabhála agus iarrachta iascaireachta. Tá sé d'aidhm aige a áirithiú go mbeidh iascach an Aontais inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de chomh maith le bheith inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialacháin (AE) 2018/973[2] agus (AE) 2019/472[3] lena mbunaítear pleananna ilbhliantúla um an Muir Thuaidh agus um Uiscí an Iarthair ('Plean Ilbhliantúil na Mara Thuaidh' agus 'Plean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair') ina sonraítear, i gcás stoic áirithe, conas na cuspóirí sin a bhaint amach agus deiseanna iascaireachta á socrú.

Tá na deiseanna iascaireachta le socrú le haghaidh fhormhór na stoc gach bliain agus le haghaidh stoic áirithe gach 2 bhliain go 4 bliana.

Tá an tAontas le cuid de na deiseanna iascaireachta a shocrú go huathrialach, agus tá cuid acu le socrú tar éis comhairliúcháin dhéthaobhacha nó iltaobhacha le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

Is é is aidhm don togra seo deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh na nithe seo a leanas:

– stoic a ndéanann an tAontas na deiseanna iascaireachta ina leith a shocrú go huathrialach;

– stoic: (i) a bhainistítear i gcomhpháirt leis an Ríocht Aontaithe sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthuaiscirt, lena n-áirítear stoic dhomhainfharraige sna limistéir sin; (ii) a bhainistítear i gcomhpháirt leis an Iorua agus leis an Ríocht Aontaithe sa Mhuir Thuaidh; (iii) a bhainistítear i gcomhpháirt leis an Iorua in Skagerrak-Kattegat; nó (iv) faoi réir chomhairliúcháin na Stát cósta de chuid an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC);

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

2 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/973/oj).

3 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/472/oj).

– stoic atá á mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (ERBInna); agus

– stoic in uiscí tíortha nach bhfuil san Aontas.

**Cur chuige maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú**

Socraítear deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Bhunrialachán lena dtagraítear do chuspóirí CBI agus do na pleananna ilbhliantúla don Mhuir Thuaidh agus d'Uiscí an Iarthair.

Foilsíonn an Coimisiún teachtaireacht gach bliain ina dtugtar forbhreathnú ar stádas na stoc ábhartha bunaithe ar chomhairle eolaíoch agus ina mínítear a chur chuige maidir le deiseanna iascaireachta a mholadh. Is é an teideal atá ar an teachtaireacht bhliantúil is déanaí *'Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2026'* (COM(2025) 296 final).

Molann an Coimisiún deiseanna iascaireachta a bhíonn bunaithe ar chomhairle eolaíoch agus, chomh maith leis sin, a bhíonn i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach sa teachtaireacht bhliantúil agus sa togra seo.

Idir an 28 Bealtaine agus an 27 Meitheamh 2025, mar fhreagairt ar iarraidh an Choimisiúin, sholáthair an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) a comhairle eolaíoch bhliantúil nó ilbhliantúil maidir le roinnt stoc a chumhdaítear leis an togra seo[4].

Déantar deiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den Bhunrialachán maidir le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.

**Deiseanna iascaireachta le moladh níos déanaí**

Sa togra seo, is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic uathrialacha an Aontais nach bhfuil comhairle eolaíoch ar fáil ina leith go fóill. A luaithe a bheidh an chomhairle eolaíoch ar fáil, déanfar an togra seo a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéir leathoifigiúla ó ranna an Choimisiúin.

Ar an gcuma chéanna, molfar deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe eile i bhfianaise thoradh na gcomhairliúchán le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad nár tugadh chun críche go fóill agus i bhfianaise cruinnithe bliantúla ERBInna nár reáchtáladh go fóill. I ndáil leis na comhairliúcháin sin agus le cruinnithe bliantúla sin na ERBInna, molann an Coimisiún, agus glacann an Chomhairle, seasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais. I gcomhair comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe maidir le stoic chomhroinnte agus i gcás cruinnithe bliantúla ERBInna, molann an Coimisiún, agus glacann an Chomhairle, sonraíochtaí na seasamh ilbhliantúil[5].

[4] https://www.ices.dk/advice/Pages/Latest-Advice.aspx

[5] Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (IO L 378, 26.10.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1875/oj).
Cinneadh (AE) 2023/2900 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena

Ós rud é nár tugadh i gcrích go fóill na comhairliúcháin le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad nó nár tionóladh cruinnithe bliantúla ERBInna áirithe go fóill, sa togra seo marcáiltear deiseanna iascaireachta le 'pm' agus is idir lúibíní cearnacha a cuireadh isteach téacs na

---

n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/865 (IO L, 2023/2900, 29.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2900/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2807 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/868 (IO L, 2023/2807, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2807/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2812 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/867 (IO L, 2023/2812, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2812/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2901 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/860 (IO L, 2023/2901, 29.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2901/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2826 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/859 (IO L, 2023/2826, 29.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2826/oj).

` Cinneadh (AE) 2024/366 ón gComhairle an 16 Eanáir 2024 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha agus i gcruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú maidir leis an gClár Idirnáisiúnta um Chaomhnú Deilfeanna agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/812 (IO L, 2024/366, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/366/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2823 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh in Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/861 (IO L, 2023/2823, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2823/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2810 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/862 (IO L, 2023/2810, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2810/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2828 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/866 (IO L, 2023/2828, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2828/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2888 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/858 (IO L, 2023/2888, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2888/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2801 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh in Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/863 (IO L, 2023/2801, 19.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2801/oj).

Cinneadh (AE) 2024/395 ón gComhairle an 16 Eanáir 2024 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoimisiún Méadaithe an Choinbhinsiúin um Chaomhnú an Tuinnín Ghoirm Dheisceartaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/824 (IO L, 2024/395, 24.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/395/oj).

Cinneadh (AE) 2023/2826 ón gComhairle an 11 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/859 (IO L, 2023/2826, 29.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2826/oj).

Cinneadh (AE) 2022/392 ón gComhairle an 3 Márta 2022 a bhaineann leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (IO L 79, 9.3.2022, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/392/oj).

n-aithrisí agus na bhforálacha ábhartha de chuid Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle[6]. Mar sin féin, tugadh dátaí agus crostagairtí cothrom le dáta le haghaidh na bhforálacha.

A luaithe a thabharfar na comhairliúcháin le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad chun críche nó a bheidh cruinnithe bliantúla na ERBInna tar éis tarlú, déanfar an togra seo a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéir leathoifigiúla ó ranna an Choimisiúin.

**An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír**

I gcomhréir le hAirteagal 15 den Bhunrialachán, tá na stoic uile a bhfuil teorainneacha gabhála ag gabháil leo faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ón 1 Eanáir 2019. Ciallaíonn sé sin gur cheart na gabhálacha uile, lena n-áirítear gabhálacha faoi bhun na n-íosmhéideanna tagartha caomhnaithe, a thabhairt ar bord agus a choinneáil ar bord na soithí iascaireachta, agus iad a thaifeadadh, a thabhairt i dtír agus a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí i gcás inarb infheidhme. Mar sin féin, déantar foráil sa Bhunrialachán maidir le díolúintí áirithe ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Ar bhonn moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit, ghlac an Coimisiún rialacháin tharmligthe ina sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír le haghaidh iascaigh áirithe, lena gceadaítear cainníochtaí teoranta ábhair mhuirí aischurtha ar bhonn díolúintí *de minimis* nó ard-inmharthanachta[7].

Ó tugadh isteach an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus i gcomhréir le hAirteagal 16(2) den Bhunrialachán, is gá a léiriú sna deiseanna iascaireachta an t-athrú ón méid a thugtar i dtír chuig an méid a ghabhtar, ós rud é nach gceadaítear i bprionsabal ábhar muirí a aischur a thuilleadh.

I bhfianaise na hoibleagáide riachtanaí gabhálacha a thabhairt i dtír, molann an Coimisiún na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) ar bhonn na comhairle ó ICES faoi ghabhálacha. Sna cuótaí atá beartaithe ag an Aontas, cuirtear san áireamh ábhar muirí aischurtha ar bhonn díolúintí seanbhunaithe; ní thabharfar i dtír na gabhálacha sin ná ní ríomhfar iad in aghaidh na gcuótaí, agus, dá bhrí sin, asbhainfear na méideanna sin as cuótaí an Aontais. Go dtí go ríomhfar na cainníochtaí sin, is le ‘pm’ a mharcáiltear cuótaí an Aontais le haghaidh stoic uathrialacha an Aontais sa togra seo. Ina theannta sin, i gcás stoic nach dtugann ICES ach comhairle maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír ina leith, molann an Coimisiún TACanna ar bhonn na comhairle sin.

---

6 Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

7 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2459 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí a shonrú maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2024-2027, (IO L, 2023/2459, 6.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2459/oj).
Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2623 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a shonrú
i gcás iascaigh áirithe in Uiscí an Iarthair le haghaidh na tréimhse 2024-2027 (IO L, 2023/2623, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2623/oj).

**Solúbthacht ó bhliain go bliain**

Le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle[8] déantar foráil maidir le solúbthacht ó bhliain go bliain i dtaca le cuótaí le haghaidh stoic lena mbaineann 'measúnuithe anailíseacha' agus 'measúnuithe réamhchúraim' araon[9]. I gcomhréir le hAirteagal 2 den Rialachán sin, agus TACanna á socrú aici bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle cé na stoic nach mbeidh faoi réir Airteagail 3 agus 4 den Rialachán sin, ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc agus ar bhonn na ngealltanas a comhaontaíodh le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

Molann an Coimisiún solúbthacht ó bhliain go bliain a eisiamh de bhun Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic: (i) lena mbaineann measúnuithe anailíseacha a bhfuil bithmhais faoi bhun an $B_{lim}$[10] acu; (ii) lena mbaineann measúnuithe réamhchúraim ar ina leith a molann ICES gabhálacha nialasacha nó an t-iascach spriocdhírithe a chur ar fionraí; (iii) ar ina leith nach gceadófar ach foghabhálacha nó iascach eolaíoch; agus (iv) nár tháinig an tAontas agus an tír nó na tíortha ábhartha nach Ballstáit den Aontas iad ar chomhaontú maidir le solúbthacht ó bhliain go bliain a chur i bhfeidhm ina leith nó ar eisiaigh siad cur i bhfeidhm na solúbthachta sin ina leith ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc.

Foráiltear le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán maidir le solúbthacht bhreise ó bhliain go bliain le haghaidh cuótaí. Mar sin féin, chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de ghnóthú chuspóirí CBI, níor cheart feidhm charnach a bheith ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) den Bhunrialachán.

Ba cheart solúbthacht ó bhliain go bliain le haghaidh cuótaí de bhun Airteagal 15(9) den Bunrialachán a eisiamh freisin i gcás na stoc sin ar ina leith a eisiatar solúbthacht ó bhliain go bliain de bhun Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.

**Iascach áineasa**

Is féidir leis an iascach áineasa tionchar suntasach a imirt ar stoic ina nglacann sé cuid shuntasach de ghabhálacha iomlána na stoc. I gcás stoic den sórt sin, is iomchuí, dá bhrí sin, na gníomhaíochtaí uile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an stoc a chur san áireamh, gan beann ar cé acu gníomhaíochtaí tráchtála nó gníomhaíochtaí áineasa iad na gníomhaíochtaí sin nó nach ea. Chun cuspóirí CBI a bhaint amach agus, i gcás inarb ábhartha, de bhun Airteagal 10(4) den Phlean Ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh agus Airteagal 11 den Phlean Ilbhliantúil d'Uiscí an Iarthair, molann an Coimisiún bearta freisin le haghaidh an iascaigh áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach leis na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach sa Bhunrialachán agus sna Pleananna Ilbhliantúla um an Muir Thuaidh agus um Uiscí an

[8] Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/847/oj).

[9] Soláthraítear sainmhínithe anseo thíos.

[10] Is éard atá sa '$B_{lim}$' an pointe tagartha maidir le bithmhais stoic sceite, pointe tagartha ar faoina bhun a bhféadfadh acmhainneacht síolraithe laghdaithe a bheith ann.

Iarthair, agus i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle[11] ('an Rialachán maidir le hEascanna').

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] ('an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí'). Is é is aidhm don Treoir sin rannchuidiú le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach le haghaidh thuairisceoir 3 go háirithe, lena leagtar síos an ceanglas go mbeidh na stoic éisc agus sliogéisc uile a shaothraítear ar bhonn tráchtála laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá leis an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra, socraítear deiseanna iascaireachta agus cionroinntear ar na Ballstáit iad i gcomhréir leis na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach sa Bhunrialachán agus sna Pleananna Ilbhliantúla um an Muir Thuaidh agus um Uiscí an Iarthair, chomh maith le torthaí cruinnithe bliantúla áirithe de chuid ERBInna a bhí ar siúl cheana. Mar thoradh air sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, agus cúinsí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha á gcur san áireamh in iascach measctha i gcás inar féidir.

De bhun Airteagal 16(6) agus (7) agus Airteagal 17 den Bhunrialachán, tá na Ballstáit le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfar na deiseanna iascaireachta a chuirtear ar fáil dóibh a chionroinnt ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach i gcomhréir le critéir áirithe a leagtar amach sna hAirteagail sin. Dá bhrí sin, bíonn an corrlach lánroghnach is gá ag na Ballstáit agus na cuótaí cionroinnte á ndáileadh acu, i gcomhréir leis an tsamhail shóisialta/eacnamaíoch is fearr leo chun na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh a úsáid.

- **An rogha ionstraime**

Meastar gurb é rialachán an ionstraim is iomchuí toisc gur féidir ceanglais a leagan síos leis a bhaineann go díreach leis na Ballstáit agus le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go gcuirfear na ceanglais chun feidhme ar bhealach tráthúil agus comhchuibhithe, rud a mbeidh níos mó deimhneachta dlíthiúla mar thoradh air.

---

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athbhunú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2007/1100/oj).

[12] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

(a) Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, go háirithe trí na comhairlí comhairleacha, ar bhonn na teachtaireachta bliantúla uaidh *'Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2026'*.

(b) Achoimre ar na freagraí agus ar an dóigh ar cuireadh san áireamh iad

I bhfreagraí na bpáirtithe leasmhara ar an teachtaireacht bhliantúil thuasluaite, leagadh amach na tuairimí a bhí acu maidir le meastóireacht an Choimisiúin ar staid na n-acmhainní agus maidir leis an bhfreagairt iomchuí bhainistíochta. Chuir an Coimisiún na freagraí sin san áireamh agus an togra seo á cheapadh aige.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá creat forbartha ag grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí cinnteoireachta ICES le haghaidh comhairle eolaíoch ó ICES. Tá an creat sin bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil agus déanann saineolaithe neamhspleácha athbhreithniú piaraí air. Eisítear comhairle eolaíoch ó ICES ar bhonn an chreata sin agus d'fhonn go mbeifear in ann cuspóirí agus rialacha an Bhunrialacháin agus na Pleananna Ilbhliantúla um an Muir Thuaidh agus um Uiscí an Iarthair a chur chun feidhme, mar a d'iarr an Coimisiún.

Tá comhairle eolaíoch ó ICES ag brath, go bunúsach, ar na sonraí seo a leanas:

– (i) maidir le stoic a bhfuil tacair sonraí chuimsitheacha ar fáil ina leith, lenar féidir measúnuithe iomlána anailíseacha aois-struchtúrtha/fadstruchtúrtha a dhéanamh, déanann ICES meastacháin ar mhéideanna na stoc agus réamhaisnéisí maidir leis an gcaoi a mbeidh tionchar ag cásanna saothraithe éagsúla ar na méideanna stoic sin ('táblaí cásanna gabhála'). Ar an mbonn sin, déanann ICES measúnuithe ar choigeartuithe ar na deiseanna iascaireachta lena dtabharfar an stoc go leibhéal lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) a tháirgeadh le patrún iascaireachta ar leith agus faoi mheándálaí comhshaoil reatha. I gcás na stoc sin, i gcás inar féidir, leagtar amach sa chomhairle eolaíoch raon luachanna na rátaí básmhaireachta iascaireachta as a n-eascraíonn an uastáirgeacht inbhuanaithe ('raon $F_{MSY}$'), mar a shainítear sna pleananna ilbhliantúla[13].

– (ii) maidir le stoic a bhfuil níos lú sonraí ar fáil ina leith, ní sholáthraíonn ICES cásanna gabhála ach aithníonn sé treochtaí níos fadtéarmaí maidir le hearcaíocht, bithmhais agus básmhaireacht iascaireachta. Ar an mbonn sin, measann sé deiseanna

[13] Raon luachanna na rátaí básmhaireachta iascaireachta as a n-eascraíonn an uastáirgeacht inbhuanaithe san fhadtéarma agus patrún iascaireachta ar leith ann faoi na meándálaí comhshaoil reatha gan difear suntasach a dhéanamh don phróiseas atáirgthe le haghaidh an stoic atá i gceist.

iascaireachta i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, bunaithe ar athróga na huastáirgeachta inbhuanaithe.

– (iii) i gcás stoic eile a bhfuil sonraí teoranta ar fáil ina leith, agus comhairle á tabhairt maidir le leibhéal na ndeiseanna iascaireachta, braitheann ICES ar an gcur chuige réamhchúraim maidir le bainistiú iascaigh agus cuireann sé modheolaíocht áirithe i bhfeidhm[14]. I gcás na stoc sin a bhfuil níos mó sonraí ar fáil ina leith, aithníonn ICES treochtaí níos fadtéarmaí maidir le hearcaíocht, bithmhais agus básmhaireacht iascaireachta, ach ní dhéanann sé meastachán ar athróga na huastáirgeachta inbhuanaithe. I gcás na stoc sin a bhfuil an méid is lú sonraí ar fáil ina leith, aithníonn ICES treochtaí maidir le gabhálacha nó le gabhálacha a thabhairt i dtír.

Tugtar ‘measúnuithe anailíseacha’ ar mheasúnuithe ICES le haghaidh stoc faoi phointí (i) agus (ii) agus tugtar ‘comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe (comhairle UTI)’ ar an gcomhairle. Tugtar ‘measúnuithe réamhchúraim’ ar mheasúnuithe le haghaidh stoc faoi phointe (iii) agus tugtar ‘comhairle réamhchúraim’ ar an gcomhairle.

I gcás stoic faoi phointe (i), foilsíonn ICES comhairle gach bliain. Mar sin féin, i gcás stoic faoi phointí (ii) agus (iii), ní dhéanann ICES measúnú ar stoc ná ní fhoilsíonn sé comhairle go bliantúil. I gcás stoic faoi phointí (ii) agus (iii), déanann ICES measúnú ar threochtaí níos fadtéarmaí. Dá thoradh sin, measann ICES nach mbeidh stádas measúnaithe na stoc sin faoi réir athruithe móra le linn na tréimhse comhairle. Maidir leis na stoic sin, is í an chomhairle a fhoilsíonn ICES an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil le haghaidh thréimhse iomlán na comhairle. Maidir le stoic uathrialacha an Aontais a bhfoilsíonn ICES comhairle ina leith a leanann de bheith bailí ar feadh roinnt blianta, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún TACanna bliantúla a shocrú lena gcumhdófar tréimhse iomlán na comhairle, i.e. tréimhse idir 2 bhliain agus 3 bliana (‘TACanna ilbhliantúla’).

Ceann de chuspóirí CBI is ea stoic a athbhunú go dtí leibhéil lena bhféadfar an uastáirgeacht inbhuanaithe a sholáthar, agus iad a choinneáil ar na leibhéil sin. Ionchorpraítear an cuspóir sin go sainráite in Airteagal 2(2), an dara fomhír, den Bhunrialachán, ina bhforáiltear *‘go mbainfear amach an cuspóir sin [...] faoi 2020 i gcás na stoc uile’*. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh na spriocstoc faoi na pleananna ilbhliantúla, agus le haghaidh na spriocstoc nach gcumhdaítear leis na pleananna ilbhliantúla, bunaithe ar an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe.

Maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh spriocstoc sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair[15] agus ar ina leith is ann do chomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, tá siad le socrú ar bhonn na bpleananna ilbhliantúla ábhartha freisin. Sainítear leo sin raon luachanna rátaí básmhaireachta iascaireachta as a n-eascraíonn an uastáirgeacht inbhuanaithe (‘raon $F_{MSY}$’) agus, dá bhrí sin, soláthraítear leo méid áirithe solúbthachta faoi choinníollacha sonracha. D’iarr an Coimisiún ar ICES comhairle eolaíoch a chur ar fáil is féidir a úsáid chun an tsolúbthacht a chur chun feidhme, lena n-áirítear a mheas an gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an tsolúbthacht sin a úsáid. Féadfar an raon uasta luachanna $F_{MSY}$ a úsáid chun TACanna a shocrú, i gcás ina bhfuil bithmhais an stoic atá i gceist os cionn MSY $B_{trigger}$[16],

[14] Féach go háirithe an doiciméad *Cur chuige ICES i leith comhairle a chur ar fáil i dtaca le deiseanna iascaireachta*; https://doi.org/10.17895/ices.advice.22240624.v3

[15] Stoic a liostaítear in Airteagal 1(1) den Phlean Ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh agus d’Uiscí an Iarthair.

[16] Is éard atá in ‘MSY $B_{trigger}$’ an leibhéal bithmhaise faoina bhfuil gníomhaíocht bhainistíochta le déanamh chun ligean do stoc téarnamh os cionn an leibhéil ar a bhfuiltear in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh san fhadtéarma.

agus i gcás go bhfuil gá leis sin, bunaithe ar chomhairle eolaíoch nó ar fhianaise, chun an méid seo a leanas a dhéanamh, agus sa chás sin amháin:

– na cuspóirí a leagtar amach sa phlean ilbhliantúil ábhartha a bhaint amach i gcás an iascaigh mheasctha; nó

– díobháil thromchúiseach a dhéantar do stoc éisc de bharr dinimic stoic laistigh den aon speiceas amháin nó idir speicis dhifriúla a sheachaint; nó

– luaineachtaí arda ó bhliain go bliain a theorannú.

I gcás ina mbeidh bithmhais an stoic faoi bhun an MSY $B_{trigger}$, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú ar leibhéal a chomhfhreagróidh don bhásmhaireacht iascaireachta a laghdaítear go comhréireach chun an laghdú ar an mbithmhais a chur san áireamh.

De bhun Airteagal 4(6) den Phlean Ilbhliantúil um an Muir Thuaidh agus Airteagal 4(7) den Phlean Ilbhliantúil um Uiscí an Iarthair, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh spriocstoc a shocrú chun a áirithiú gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an bhithmhais faoi bhun an $B_{lim}$. I gcás ina bhfuil comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ar fáil, agus ina bhfuil an chomhairle sin bunaithe ar mheasúnuithe iomlána anailíseacha, atá struchtúrtha de réir aoise agus faid, féadfaidh ICES dóchúlachtaí den sórt sin, atá ann sa ghearrthéarma, a léiriú ina chomhairle. Chun a áirithiú go mbainfear amach an dóchúlacht, d'fhéadfadh sé gur ghá ráta básmhaireachta iascaireachta an spriocstoic a laghdú dá réir sin nó d'fhéadfadh sé gur ghá an t-iascach spriocdhírithe a chur ar fionraí.

Maidir le spriocstoic a bhfuil measúnuithe réamhchúraim ag gabháil leo agus nach bhfuil comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ar fáil ina leith, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún deiseanna iascaireachta a shocrú bunaithe ar an gcomhairle réamhchúraim, arb í an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar comhairle í atá i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh.

Moltar deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic foghabhála ar bhonn na comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, i gcás ina bhfuil sí ar fáil. Maidir le stoic foghabhála a bhfuil measúnuithe réamhchúraim ag gabháil leo agus nach bhfuil comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ar fáil ina leith, baineann an togra seo úsáid arís as an gcomhairle réamhchúraim. Ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic foghabhála sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair a shocrú freisin ar bhonn na bpleananna ilbhliantúla ábhartha.

Agus deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic foghabhála á socrú, ba cheart breithnithe maidir le hiascaigh mheasctha a chur san áireamh freisin de bhun Airteagal 5(3) de na Pleananna Ilbhliantúla don Mhuir Thuaidh agus d'Uiscí an Iarthair agus Airteagal 16(4) den Bhunrialachán, i gcomhar le hAirteagal 2(1) agus (5), pointí (c) agus (f), den Rialachán sin.

• **Measúnú tionchair**

Le hAirteagal 43(3) CFAE cuirtear teorainn le raon feidhme an rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta.

Leis an togra seo féachtar le cur chuige gearrthéarmach a sheachaint ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh ó na páirtithe leasmhara agus ó na comhairlí comhairleacha a ndearna ICES athbhreithniú dearfach orthu. Bhí an togra ón gCoimisiún maidir le CBI a athchóiriú bunaithe ar mheasúnú tionchair (SEC(2011) 891) inar measadh gurb amhlaidh, bíodh gur coinníoll riachtanach é an cuspóir maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach chun inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, nach féidir na trí chuspóir sin a bhaint amach astu féin.

A mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic ERBInna agus stoic a ndéantar bainistíocht chomhpháirteach orthu le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, is éard a dhéantar go bunúsach leis an togra seo bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Le linn ullmhú na caibidlíochta idirnáisiúnta ar faoina cuimsiú a dhéantar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus lena linn, déileáiltear le haon ghné atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Comhlíonann an togra cearta bunúsacha, agus go háirithe na cearta sin a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áiritheofar faireachán agus comhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[17], arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18].

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

**Stoic uathrialacha de chuid an Aontais**

| TAC (speicis chomh maith le ranna ICES agus limistéir eile) | Cód TAC | An TAC atá beartaithe le haghaidh 2026 (tonaí) | An t-athrú atá beartaithe ar an TAC ó 2025 | Míniú |
|---|---|---|---|---|

[17] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

[18] Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj).

| TAC (speicis chomh maith le ranna ICES agus limistéir eile) | Cód TAC | An TAC atá beartaithe le haghaidh 2026 (tonaí) | An t-athrú atá beartaithe ar an TAC ó 2025 | Míniú |
|---|---|---|---|---|
| Láimhínigh (*Lophiidae*)<br>Bá Theas na Bioscáine agus uiscí Ibéaracha<br>8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais de chuid an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF) 34.1.1 | ANF/8C3 411 | 5 340 | -2 % | Cuireann ICES comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[19] ar fáil le haghaidh dhá speiceas éagsúla láimhínigh sa limistéar seo: láimhíneach an bhoilg dhuibh (*Lophius budegassa*) agus an láimhíneach bán (*Lophius piscatorius*).<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an TAC a shocrú ar leibhéal luach shuim na comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe agus luach an phointe $F_{MSY}$[20] le haghaidh an dá speiceas. |
| An colmóir (*Merluccius merluccius*)<br>Bá Theas na Bioscáine agus uiscí Ibéaracha<br>8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 | HKE/8C3 411 | 17 445 | Tar-rolladh | Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[21] i gcás an stoic seo.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún TAC 2025 a thar-rolladh agus an TAC a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, idir luach an phointe $F_{MSY}$ agus an luach is airde laistigh de raon an $F_{MSY}$ ('MSY $F_{upper}$'). Tá sé beartaithe aige an TAC a shocrú i raon uachtar an $F_{MSY}$, idir pointe $F_{MSY}$ agus MSY $F_{upper}$, i gcomhréir le hAirteagal 4(5), pointe (a), den Phlean Ilbhliantúil d'Uiscí an Iarthair agus é á chur san áireamh gurb é an colmóir an speiceas is mó is teoranta san iascach measctha[22]. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an TAC a shocrú faoi bhun MSY $F_{upper}$: (i) chun an stoc a chosaint san fhadtéarma, ar socraíodh TACanna ina leith os cionn luach an phointe $F_{MSY}$ ó bhí 2022 ann; agus (ii) de réir mar is amhlaidh sna hiascaigh ina spriocdhírítear ar cholmóirí, foghabháil a bhíonn i mangaigh agus bíonn bithmhais an stoic mangach i gcónaí faoi bhun leibhéal $I_{trigger}$[23] agus tháinig laghdú uirthi ó 2023 go dtí 2024 de réir ICES. |

19 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202503.v1
https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202701.v1

20 Is é 'luach an phointe $F_{MSY}$' luach na básmhaireachta iascaireachta measta a thugann, le patrún iascaireachta ar leith agus faoi na meándálaí comhshaoil reatha, an MSY fadtéarmach.

21 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202647.v1

22 https://doi.org/10.17895/ices.advice.24212058.v1

23 Is éard atá in '$I_{trigger}$' an spreag-luach don innéacs bithmhaise, ar athróg ionadach é do MSY $B_{trigger}$ arb éard atá ann an leibhéal bithmhaise faoina bhfuil gníomhaíocht bhainistíochta le déanamh chun ligean do stoc téarnamh os cionn an leibhéil ar a bhfuiltear in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh san fhadtéarma.

| TAC (speicis chomh maith le ranna ICES agus limistéir eile) | Cód TAC | An TAC atá beartaithe le haghaidh 2026 (tonaí) | An t-athrú atá beartaithe ar an TAC ó 2025 | Míniú |
|---|---|---|---|---|
| An bolmán<br>(*Trachurus* spp.)<br>Uiscí Ibéaracha<br>9 | JAX/09. | 56 520 | -5 % | Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[24] i gcás an stoic seo.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an TAC a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. |
| An méagram scoilteán<br>(*Lepidorhombus* spp.)<br>Bá theas na Bioscáine agus uiscí Ibéaracha<br>8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 | LEZ/8C3411 | 4 986 | +12 % | Cuireann ICES comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[25] ar fáil le haghaidh dhá speiceas éagsúla scoilteáin sa limistéar seo: *Lepidorhombus whiffiagonis* agus *Lepidorhombus Boscii*.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an TAC a shocrú ar leibhéal luach shuim na comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe agus luach an phointe $F_{MSY}$ don dá speiceas. |
| An leathóg<br>(*Pleuronectes platessa*)<br>Kattegat | PLE/03AS. | 2 349 | Tar-rolladh | Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[26] i gcás an stoic seo.<br>Is éard atá sa TAC seo cion (34 %) den chomhairle ó ICES i gcás na leathóige in Kattegat agus i Muir Bhailt. Tá an figiúr sin bunaithe ar chionroinnt na ngabhálacha in 2024 a leagtar amach sa chomhairle ó ICES.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an TAC a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe agus leis an luach is ísle laistigh den raon $F_{MSY}$ ('MSY $F_{lower}$'). Tá sé beartaithe aige an TAC a shocrú faoi bhun MSY $F_{lower}$, ós rud é gur foghabhálacha atá i dtroisc agus sóil san iascach ina ndírítear ar ghliomaigh na hIorua, agus ó tharla go bhfuil comhairle ann lena moltar gabháil nialasach i leith na stoc trosc agus sól. |
| An leathóg<br>Bá na Bioscáine agus uiscí Ibéaracha<br>8, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 | PLE/8/3411 | Le haghaidh 2026, 2027 agus 2028:<br>99 | -20 % | Ní féidir le ICES faisnéis a chur ar fáil maidir le méid an stoic ná brú iascaireachta, agus cuireann sé comhairle réamhchúraim[27] ar fáil maidir leis an stoc seo. Tá an chomhairle is déanaí a d'fhoilsigh ICES bailí le haghaidh 2026, 2027 agus 2028.<br>Molann an Coimisiún na TACanna a shocrú le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 i gcomhréir leis an gcomhairle réamhchúraim. |

24 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202659.v1

25 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202695.v1
https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202665.v1

26 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202773.v1

27 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202791.v1

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An mangach<br>Bá na Bioscáine<br>8a, 8b, 8d agus 8e | POL/8ABDE. | Le haghaidh 2026 agus 2027:<br>712 | -26 % | Cumhdaítear trí TAC leis an gcomhairle ó ICES.<br>Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[28] i gcás an stoic seo. Tá an chomhairle is déanaí a d'fhoilsigh ICES bailí le haghaidh 2026 agus 2027.<br>Sa chomhairle sin tugann ICES dá aire go leanann innéacs bithmhaise an stoic sin de bheith faoi bhun leibhéal $I_{trigger}$ (79 % de $I_{trigger}$ agus 104 % de $I_{loss}$[29]) agus gur tháinig laghdú 11 % air ó 2023 go 2024.<br>Ina theannta sin, i measúnú[30]maidir leis na TACanna sin i gcomhair 2026 agus 2027, rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) athbhreithniú ar thuarascáil saineolais chonarthaigh i ndáil leis na TACanna sin[31]. De réir na tuarascála saineolais chonarthaigh, agus ag glacadh leis go mbeidh an meániompar iascaireachta ann in 2021-2023:<br>- dá socrófaí na TACanna sin le haghaidh 2026 agus 2027 go carnach ar an leibhéal a mhol ICES[32] (i.e. 703 thona), bheadh de thoradh ar an oibleagáid na gabhálacha uile a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha an stoic sin, go stopfadh soitheach iascaireachta amháin nó níos mó in iascach measctha den iascaireacht fiú dá mbeadh cuóta fós acu le haghaidh speicis eile, rud a d'fhágfadh ina sheal go ndúnfaí iascaigh áirithe roimh am;<br>- go sonrach: (i) meastar go ndúnfar iascach ábhartha na Fraince i mBá na Bioscáine an 11 Meán Fómhair; (ii) iascach ábhartha na Spáinne sa Mhuir Chantabrach an 5 Meán Fómhair; agus (iii) iascach ábhartha na Spáinne in uiscí Ibéaracha an 13 Meán Fómhair;<br>- mar thoradh ar na tréimhsí coiscthe sin réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú 32 %, 28 % agus 27 % faoi seach i dtéarmaí luach iomlán na ngabhálacha le haghaidh na speiceas uile i gcás na ranna cabhlaigh ábhartha agus *'go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar a bhfeidhmíocht shocheacnamaíoch'*[33]; agus<br>- réamh-mheastar gurb iad 834 thona, 148 dtona agus 164 thona faoi seach luachanna na TACanna is gá chun go mbeidh iascaigh in ann oibriú go dtí deireadh na bliana.<br>- |

[28] https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202806.v1

[29] Is gnách go sainmhínítear $I_{loss}$ mar an luach innéacs is lú a breathnaíodh, ar athróg ionadaíoch é i gcomhair $B_{lim}$.

[30] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf-plen-24-02

[31] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf-plen-24-02-background

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá an méid seo a leanas sa mheasúnú uaidh: *'Maidir leis na sonraí a úsáideadh chun an anailís sin a dhéanamh, tugann STECF dá aire nach ngabhtar iontu ná nach léirítear leo na patrúin iascaireachta atá ann faoi láthair sa réigiún sin toisc nach raibh an bhliain sonraí 2024 ar fáil. In éagmais na sonraí sin, úsáideadh meán na mblianta 2021-2023 mar luach ionadach chun tuairisc a thabhairt ar na patrúin iascaireachta atá ann faoi láthair. Is eol do STECF gur bhliain é 2024 ar dócha go bhfacthas pátrúin iascaireachta lena linn a bhí éagsúil leis na patrúin a chonacthas le linn na mblianta roimhe sin, go háirithe mar thoradh ar dhúnadh iascach na Fraince i mí Feabhra 2024, (a ionsamhlaíodh sa [tuarascáil] ad hoc ...), agus ar laghdú suntasach ar an TAC le haghaidh mangach.'* Mar sin féin, sa mheasúnú uaidh thug STECF dá aire freisin gur *'críochnaíodh an tuarascáil go hiomchuí i bhfianaise na sonraí a bhí ar fáil'*.<br><br>De bhun Airteagal 5(3) den Phlean Ilbhliantúil d'Uiscí an Iarthair, agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir iascach measctha a choinneáil ar bun, i bhfianaise na dtionchar tromchúiseach socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus i bhfianaise an ghá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh an stoic sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, molann an Coimisiún, dá bhrí sin, na TACanna sin a shocrú le haghaidh 2026 agus 2027 go heisiach le haghaidh foghabhálacha agus go carnach ar leibhéal na ngabhálacha a tugadh i dtír le déanaí (in 2024, de réir ICES, i.e. 923 thona).<br><br>Mar a leagtar amach sa tuarascáil saineolais chonarthaigh, dá socrófaí TACanna ar an leibhéal sin[34]:<br>- (i) meastar go ndúnfar iascaigh ábhartha na Fraince i mBá na Bioscáine an 16 Nollaig; (ii) iascaigh ábhartha na Spáinne sa Mhuir Chantabrach an 22 Meán Fómhair; agus (iii) iascaigh ábhartha na Spáinne in uiscí Ibéaracha an 30 Samhain; agus<br>- mar thoradh ar na tréimhsí coiscthe sin réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú 5 %, 23 % agus 7 % faoi seach i dtéarmaí luach iomlán na ngabhálacha le haghaidh na speiceas uile i gcás na ranna cabhlaigh ábhartha. |

32 Ar bhonn carnach agus ag glacadh le cionroinnt reatha an mhéid fhoriomláin idir na TACanna.

33 Achoimre ar an tuarascáil saineolais chonarthaigh i measúnú STECF.

34 Glactar leis sa tuarascáil saineolais chonarthaigh go socraítear na TACanna go carnach ar leibhéal 896 thona seachas ar leibhéal 923 thona.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Thairis sin, ós rud é gur le haghaidh foghabhálacha amháin na TACanna sin, tá sé beartaithe solúbthacht ó bhliain go bliain a eisiamh de bhun Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 le haghaidh na TACanna sin. |
| An mangach<br>An Mhuir Chantabrach<br>8c | POL/08C. | Le haghaidh 2026 agus 2027:<br>80 | -26 % | Féach an míniú thuas i leith na mangach i mBá na Bioscáine. |
| An mangach<br>Uiscí Ibéaracha<br>9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 | POL/9/3411<br>agus POL/93411P (cainníocht bhreise le haghaidh na Portaingéile) | Le haghaidh 2026 agus 2027:<br>98<br>agus 33 (cainníocht bhreise le haghaidh na Portaingéile) | -26 %<br>agus -26 % | Féach an míniú thuas i leith na mangach i mBá na Bioscáine. |
| An doingean mara<br>Bá na Bioscáine<br>8a agus 8b | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[35] i gcás an stoic seo agus i gcás an limistéir seo.<br>Thairis sin, san iascach ina spriocdhírítear ar dhoingin mhara, foghabháil a bhíonn i mangaigh agus leanann bithmhais an stoic mangach de bheith faoi bhun leibhéal an $I_{trigger}$ agus tháinig laghdú uirthi ó 2023 go dtí 2024 de réir ICES.<br>Dá bhrí sin, molann an Coimisiún an méid seo a leanas:<br>- agus a gcuótaí le haghaidh iascach tráchtála á gcinneadh acu, ba cheart don Fhrainc agus don Spáinn a áirithiú go comhpháirteach nach mó é suim na gcuótaí sin, an ábhair mhuirí aischurtha tráchtála, na ngabhálacha áineasa a thugtar i dtír agus an ábhair mhuirí aischurtha mhairbh áineasa ná MSY $F_{lower}$ le haghaidh na n-aistrithe iomlána i gcás ranna 8a agus 8b ICES (Bá na Bioscáine), i.e. 5 286 thona; agus<br>- an teorainn ghabhála 1 iasc / iascaire agus an teorainn ghabhála lae a choinneáil ar bun le haghaidh iascach áineasa. |

[35] https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019186.v1

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An sól coiteann<br>(*Solea solea*)<br>Bá na Bioscáine<br>8a agus 8b | SOL/8AB. | 2 482 | -1 % | Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[36] i gcás an stoic seo.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an TAC a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe agus le luach an phointe $F_{MSY}$, arna laghdú go comhréireach chun an laghdú reatha ar an mbithmhais a chur san áireamh (tuartar bithmhais le haghaidh 2026 a bheidh thart ar 91 % de MSY $B_{trigger}$ agus mar thoradh air sin comhfhreagraíonn an ghabháil iomlán a mholtar do luach an phointe $F_{MSY}$ arna laghdú 9 %). |
| An sól<br>Bá Theas na Bioscáine agus uiscí Ibéaracha<br>8c, 8d, 8e, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 | SOO/8CDE34 | Le haghaidh 2026 agus 2027:<br>388 | -28 % | Cumhdaítear trí speiceas sóil sa limistéar sin leis an TAC; an sól coiteann (*Solea solea*) agus dhá speiceas eile sóil.<br>Ní sholáthraíonn ICES comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[37] ach amháin i gcás an tsóil choitinn sa limistéar seo. Tá an chomhairle is déanaí a d’fhoilsigh ICES bailí le haghaidh 2026 agus 2027.<br>Le haghaidh 2026 agus 2027 tá sé beartaithe ag an gCoimisiún fo-TAC a shocrú le haghaidh sóil choiteanna, i.e. le haghaidh an speicis ar ina leith a thugann ICES comhairle. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an fo-TAC sin a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe (i.e. 190 tona). Molann sé freisin an TAC a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an sól coiteann agus na sciartha gabhála le haghaidh na dtrí speiceas sóil (49 % i gcás an tsóil choitinn agus 51 % i gcás speicis eile sóil) á gcur san áireamh. Tá na sciartha gabhála bunaithe ar na sciartha gabhála in 2022-2024 a leagtar amach sa chomhairle ó ICES. |
| An faoitín<br>Bá na Bioscáine<br>8 | WHG/08. | Le haghaidh 2026 agus 2027:<br>990 | -27 % | Cuireann ICES comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ar fáil[38] le haghaidh faoitíní i bhfolimistéar 8 agus roinn 9a ICES (Bá na Bioscáine agus uiscí Íbéaracha). Tá an chomhairle is déanaí a d’fhoilsigh ICES bailí le haghaidh 2026 agus 2027.<br>Molann an Coimisiún na TACanna a shocrú le haghaidh 2026 agus le haghaidh 2027 i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. |

**Stoic a liostaítear in Iarscríbhinn 36, Tábla F, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair**

Ina theannta sin, molann an Coimisiún deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn 36, tábla F, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair

36 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202887.v1
37 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202890.v1
38 https://doi.org/10.17895/ices.advice.27202953.v1

idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[39] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'). Liostaítear san Iarscríbhinn sin stoic nach bhfuil i láthair ach in uiscí aon Pháirtí amháin.

| **TAC (speicis chomh maith le ranna ICES agus limistéir eile)** | **Cód TAC** | **An TAC atá beartaithe le haghaidh 2026 (tonaí)** | **An t-athrú atá beartaithe ar an TAC ó 2025** | **Míniú** |
|---|---|---|---|---|
| An deargán (*Pagellus bogaraveo*) Uiscí na nAsór 10 | SBR/10- | 382 | -3 % | Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe[40] i gcás an stoic seo. Tá an chomhairle is déanaí a d'fhoilsigh ICES bailí le haghaidh 2026 agus 2027.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an TAC le haghaidh 2026 a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. |
| An roc dústríoctha, Bá na Bioscáine 8 - TAC faoin TAC le haghaidh sciataí agus roc in 8 agus 9 | RJU/8-C. - TAC faoi SRX/89-C. | 33 | Tar-rolladh | Ní féidir le ICES faisnéis a chur ar fáil maidir le méid an stoic ná brú iascaireachta, agus cuireann sé comhairle réamhchúraim[41] ar fáil maidir leis an stoc seo. Tá an chomhairle is déanaí a d'fhoilsigh ICES bailí le haghaidh na tréimhse 2025-2028.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún TAC 2026 le haghaidh foghabhálacha a shocrú go heisiach ar an leibhéal céanna leis an leibhéal a shocraigh an Chomhairle in 2024 ar bhonn na comhairle atá bailí le haghaidh 2025-2028.<br>Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na cainníochtaí breise le haghaidh iascach faire a choinneáil ar bun le haghaidh 2026 chun bailiú sonraí iascachbhunaithe a cheadú ar an leibhéal céanna le 2025. Is é is aidhm do na cainníochtaí breise sin feabhas a chur ar na sonraí eolaíocha iascachbhunaithe atá ar fáil. |

[39] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

[40] https://doi.org/10.17895/ices.advice.29542103.v1

[41] https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019615.v1
https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019618.v1

| **TAC (speicis chomh maith le ranna ICES agus limistéir eile)** | **Cód TAC** | **An TAC atá beartaithe le haghaidh 2026 (tonaí)** | **An t-athrú atá beartaithe ar an TAC ó 2025** | **Míniú** |
|---|---|---|---|---|
| Roc dústríoctha, Uiscí Ibéaracha 9<br>- TAC faoin TAC le haghaidh sciataí agus roc in 8 agus 9 | RJU/9-C.<br>- TAC faoi SRX/89-C. | 50 | Tar-rolladh | Ní féidir le ICES faisnéis a chur ar fáil maidir le méid an stoic ná brú iascaireachta, agus cuireann sé comhairle réamhchúraim[42] ar fáil maidir leis an stoc seo. Tá an chomhairle is déanaí a d'fhoilsigh ICES bailí le haghaidh na tréimhse 2025-2028.<br>Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún TAC 2026 le haghaidh foghabhálacha a shocrú go heisiach ar an leibhéal céanna leis an leibhéal a shocraigh an Chomhairle in 2024 ar bhonn na comhairle atá bailí le haghaidh na tréimhse 2025 go 2028.<br>Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an chainníocht bhreise le haghaidh iascach faire a choinneáil ar bun le haghaidh 2026 chun bailiú sonraí iascachbhunaithe a cheadú ar an leibhéal céanna le 2025. Is é is aidhm don chainníocht bhreise sin feabhas a chur ar na sonraí eolaíocha iascachbhunaithe atá ar fáil. |

**An eascann**

Cuireann ICES comhairle ar fáil maidir le raon nádúrtha iomlán na heascainne Eorpaí (*Anguilla anguilla*), lena n-áirítear an tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Mheánmhuir. I bhfianaise stádas criticiúil na heascainne Eorpaí, tá an méid seo a leanas déanta ag ICES:

– (i) le 20 bliain anuas, mhol sé go comhsheasmhach básmhaireacht antrapaigineach na heascainne Eorpaí a choimeád chomh gar do nialas agus is féidir ar fud a raoin nádúrtha.

– (ii) ó 2021[43] i leith tá sé tar éis a chomhairliú gurb amhlaidh, má chuirtear i bhfeidhm an cur chuige réamhchúraim, gur cheart go mbeadh gabhálacha nialasacha eascann sna gnáthóga uile. Bhain sé sin le gabhálacha áineasa agus tráchtála araon agus áiríodh leis gabhálacha eascann gloine le haghaidh athstocála agus dobharshaothrú.

– (iii) An 30 Bealtaine 2022 chuir sé in iúl[44] nach ndearnadh aon dul chun cinn foriomlán, d'ainneoin iarrachtaí na mBallstát, maidir le baint amach an chuspóra ligean do 40 % de bhithmhais eascann geal éalú ar fud an Aontais ina iomláine, de bhun Airteagal 2(4) den Rialachán maidir le hEascanna. Ina theannta sin, mhol ICES

42 https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019621.v1
43 An chomhairle is déanaí le haghaidh 2025: https://doi.org/10.17895/ices.advice.27100516.v1
44 https://doi.org/10.17895/ices.advice.19902958

freisin gur cheart iarrachtaí caomhnaithe a dhíriú ar bhearta lena mbaineann dóchúlacht ard, de réir a sainmhínithe, go ndéanfar básmhaireacht a laghdú agus go gcuirfear le héalú.

Foilseofar comhairle ó ICES le aghaidh 2026 an 4 Samhain 2025.

Leagadh síos tréimhse choiscthe 3 mhí as a chéile le haghaidh iascaireacht eascann sna rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta bliantúla maidir le huiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh (ó 2018 go 2022). Le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle[45], cuireadh síneadh 6 mhí leis an tréimhse choiscthe le haghaidh aon ghníomhaíocht iascaireachta eascann in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh. Thairis sin, cuireadh toirmeasc leis freisin ar gach iascach eascann áineasa sna huiscí sin. Le Rialacháin (AE) 2024/257[46] agus (AE) 2025/202 ón gComhairle, rinneadh na bearta sin a choinneáil ar bun agus, chun cosaint éifeachtach a áirithiú d’eascanna airgid ar imirce ó Mhuir Bhailt go dtí an Mhuir Thuaidh, leagadh síos an ceanglas gur cheart do na Ballstáit chósta i bhfolimistéar 3 ICES, i.e. an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn, teacht ar chomhaontú maidir le tréimhsí coiscthe éifeachtacha le haghaidh eascanna geala. Thairis sin, leagadh síos le Rialachán (AE) 2024/257 na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an mhaolaithe i gcás iascaigh eascann theoranta leanúnacha le linn thréimhse imirce na n-eascann.

I bhfianaise stádas criticiúil leanúnach na heascainne Eorpaí, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na bearta maidir le heascanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2025/202 a choinneáil ar bun le haghaidh 2026. Tabharfar an togra seo cothrom le dáta tar éis do ICES a chomhairle eolaíoch le haghaidh na heascainne Eorpaí san Atlantach Thoir Thuaidh agus sa Mheánmhuir a fhoilsiú le haghaidh 2026.

[45] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/194/oj).

[46] Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194, (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Chomhairle le bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe a bhfuil nasc feidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta sin, de réir mar is iomchuí. I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], tá deiseanna iascaireachta le socrú i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach in Airteagal 2(2) den Rialachán sin, agus Rialacháin (AE) 2018/973[48] agus (AE) 2019/472[49] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear pleananna ilbhliantúla (MAPanna) do stoic áirithe a ndéantar iascaireacht orthu sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair, agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin. I gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, déanfar deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát chun go n-áiritheofar cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó gach iascaigh.

---

47 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

48 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/973/oj).

49 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/472/oj).

(2) Ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013: (i) ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil; (ii) ar bhonn dearcadh fadtéarmach; (iii) agus sainiúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh; agus (iv) i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.

(3) De bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá na stoic uile a bhfuil teorainneacha gabhálacha ag gabháil leo faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ón 1 Eanáir 2019, ach tá feidhm ag díolúintí áirithe. Ar bhonn moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit agus de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ghlac an Coimisiún Rialacháin Tharmligthe (AE) 2023/2459[50] agus (AE) 2023/2623[51] lena leagtar síos mionsonraí le haghaidh iascaigh áirithe maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.

(4) Ba cheart a chur san áireamh sna deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic speicis a chumhdaítear leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, nach gceadaítear a thuilleadh i bprionsabal ábhar muirí a aischur. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith bunaithe ar fhigiúr na comhairle eolaíche le haghaidh gabhálacha iomlána arna chur ar fáil ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), is gcás ina bhfuil sí ar fáil. Na cainníochtaí a bhféadfar, mar eisceacht ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, leanúint dá n-aischur, ba cheart iad a asbhaint ón bhfigiúr sin a mholtar le haghaidh gabhálacha iomlána. Ina theannta sin, i gcás deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic ar ina leith nach dtugann ICES ach comhairle maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, ba cheart iad a shocrú ar bhonn na comhairle sin.

(5) Sna Pleananna Ilbhliantúla a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 leagtar amach spriocanna agus bearta chun bainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar na stoic a chumhdaítear leis na Pleananna Ilbhliantúla sin. Ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc a liostaítear in Airteagal 1(1) de na Rialacháin sin ('spriocstoic') a shocrú i gcomhréir le raon luachanna na básmhaireachta iascaireachta as a n-eascraíonn an uastáirgeacht inbhuanaithe ('raonta $F_{MSY}$'), nó ar leibhéal níos ísle, agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis na coimircí bithmhaise dá bhforáiltear sna Rialacháin sin. Leagtar amach na raonta $F_{MSY}$ sa chomhairle ábhartha ó ICES. Maidir le deiseanna iascaireachta do na spriocstoic nach féidir raonta $F_{MSY}$ a chinneadh ina leith, agus do na stoic dá dtagraítear in Airteagal 1(4) de na Rialacháin sin ('stoic foghabhála'), ba cheart iad a shocrú i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó, i gcás nach bhfuil faisnéis eolaíoch leormhaith ar fáil, i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (8), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(6) De bhun Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2018/973 agus Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2019/472, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh spriocstoc a shocrú chun

[50] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2459 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí a shonrú maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2024-2027 (IO L, 2023/2459, 6.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2459/oj).

[51] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2623 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí a shonrú maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe in Uiscí an Iarthair le haghaidh na tréimhse 2024–2027, (IO L, 2023/2623, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2623/oj).

a áirithiú gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an bhithmhais faoi bhun an phointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais ($B_{lim}$)[52].

(7) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/973 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/472, i gcás ina léirítear leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite aon cheann de na spriocstoic: (i) faoi bhun an MSY $B_{trigger}$[53], tá bearta ceartaitheacha le déanamh, agus go háirithe ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú ar leibhéal a chomhfhreagróidh don bhásmhaireacht iascaireachta a laghdaítear go comhréireach chun an laghdú ar an mbithmhais a chur san áireamh; agus (ii) faoi bhun $B_{lim}$, tá bearta ceartaitheacha breise le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar an stoc a athbhunú go tapa chuig leibhéil os cionn na leibhéal sin a bhfuiltear in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh os a gcionn. Féadfar a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin go háirithe iascach spriocdhírithe ar an stoc atá i gceist a chur ar fionraí agus laghdú leordhóthanach deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc sin nó na stoc eile san iascach.

(8) Tá stoic áirithe ann a molann ICES gabhálacha nialasacha nó gabhálacha ísle ina leith, nó tuarann ICES, maidir le dóchúlacht níos lú ná 5 % a bheith ann go dtitfidh an bhithmhais faoi bhun $B_{lim}$: (i) nach bhféadfaí í a bhaint amach ach amháin le gabhálacha ísle; (ii) nach bhféadfaí í a bhaint amach ach amháin le gabhálacha nialasacha; nó (iii) nach mbainfí é sin amach fiú le gabhálacha nialasacha. Mar sin féin, i gcás ina mbunófaí na TACanna le haghaidh na stoc sin ar na leibhéil sin, d'fhéadfadh an oibleagáid na gabhálacha uile a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin in iascaigh mheasctha, a chur faoi deara do shoitheach iascaireachta amháin nó níos mó stop a chur leis an iascaireacht fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis ina sheal le dúnadh iascach áirithe roimh am. De bhun Airteagal 5(3) Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcomhar le hAirteagal 2(1) agus (5), pointí (c) agus (f), den Rialachán sin agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir iascach measctha a choinneáil ar bun, i bhfianaise na dtionchar tromchúiseach socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú ar leibhéil: (i) lena seachnaítear an baol go ndúnfaí iascach roimh am mar gheall ar easpa cuóta a bheith ar shoithí iascaireachta le haghaidh stoic arna ngabháil mar fhoghabháil, i gcás ina bhféadfadh diantionchair shocheacnamaíocha a bheith ag dúnadh roimh am den sórt sin sa ghearrthéarma; agus an tráth céanna (ii) lena n-áirithítear caomhnú na stoc lena mbaineann, i gcás ina bhféadfadh tionchair thromchúiseacha fhadtéarmacha chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bheith ann dá mhainneofaí stoic a chaomhnú, chomh maith le tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha ghaolmhara. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú freisin ar leibhéil atá bunaithe ar fhianaise shonrach, iontaofa agus infhíoraithe maidir le tréimhsí coiscthe roimh am a d'fhéadfadh a bheith ann agus tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann chomh

[52] Is éard atá in $B_{lim}$ an bhithmhais ar féidir acmhainneacht síolraithe laghdaithe a bheith ann faoina bun.

[53] Is éard atá in MSY $B_{trigger}$ an leibhéal bithmhaise faoina bhfuil gníomhaíocht bhainistíochta le déanamh chun ligean do stoc téarnamh os cionn an leibhéil ar a bhfuiltear in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh san fhadtéarma.

maith le tionchair fhadtéarmacha ar an gcomhshaol. Chun laghdú a dhéanamh ar ghabhálacha na stoc ar ina leith atá TACanna foghabhála socraithe, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach ina ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéil a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athbhunú go leibhéil inbhuanaithe.

(9) Chun úsáid deiseanna iascaireachta in iascaigh mheasctha i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, a ráthú a mhéid is féidir, is iomchuí linn a bhunú le haghaidh malartuithe cuótaí le haghaidh na mBallstát nach bhfuil aon chuóta acu chun a bhfoghabhálacha dosheachanta i limistéir áirithe a chumhdach.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, maidir le stoic nach gcumhdaítear le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, i gcás ina bhfuil faisnéis eolaíoch leordhóthanach ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir le luach an phointe $F_{MSY}$ [54] agus, i gcás inarb ábhartha, iad a shocrú ar leibhéil lena n-athbhunaítear stoic go dtí leibhéil ar os a gcionn atáthar in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. I gcás nach bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh.

(11) I gcás stoic áirithe, tá comhairle ó ICES fós bailí ar feadh roinnt blianta agus is í an chomhairle sin an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil le haghaidh tréimhse iomlán na comhairle. Sna cásanna sin, ba cheart TACanna bliantúla a shocrú lena gcumhdófar tréimhse iomlán na comhairle (‘TACanna ilbhliantúla’). Mar sin féin, má bhíonn comhairle nua ó ICES ar fáil le linn na tréimhse sin, ba cheart a áirithiú go leanfaidh na TACanna ilbhliantúla de bheith comhsheasmhach leis an gcomhairle nua, a luaithe is féidir tar éis comhairle nua den sórt sin ó ICES a fhoilsiú. Thairis sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh na hasbhaintí bliantúla ón bhfigiúr comhairle i gcás gabhálacha iomlána chun díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh comhsheasmhach leis na sonraí atá ar fáil.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/472, áiritheoidh an Spáinn agus an Fhrainc go comhpháirteach, agus a gcuótaí le haghaidh iascach tráchtála le haghaidh doingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 8a agus 8b ICES á gcinneadh acu, nach mó é suim na gcuótaí sin, an ábhair mhuirí aischurtha tráchtála, na ngabhálacha áineasa agus an ábhair mhuirí aischurtha mhairbh áineasa ná an luach is ísle laistigh den raon $F_{MSY}$ (‘MSY $F_{lower}$’) le haghaidh na n-aistrithe iomlána i gcomhair an limistéir sin, i.e. 5 286 thona. Chun go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na gcuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialachán (AE) 2019/472, ba cheart do na Ballstáit faisnéis maidir leis na cuótaí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(13) Ba cheart bearta breise maidir le hiascach áineasa doingean mara Eorpach i ranna 8a agus 8b ICES a choinneáil ar bun, i bhfianaise an tionchair shuntasaigh a bhíonn ag iascach áineasa ar an ráta básmhaireachta iascaireachta le haghaidh an stoic sin.

(14) Tá stoic áirithe ann a molann ICES gabhálacha os cionn leibhéal íseal ina leith. Mar sin féin, i gcás ina mbunófaí na TACanna le haghaidh na stoc sin ar na leibhéil sin, d’fhéadfadh an oibleagáid gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha

54 Is é ‘luach an phointe $F_{MSY}$’ luach an ráta básmhaireachta iascaigh mheasta a thugann, le patrún iascaireachta ar leith agus faoi na meándálaí comhshaoil reatha, an MSY fadtéarmach.

ó na stoic sin in iascaigh mheasctha, a chur faoi deara do shoitheach iascaireachta amháin nó níos mó stop a chur leis an iascaireacht fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hiascaigh áirithe a dhúnadh roimh am. De bhun Airteagal 5(3) Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcomhar le hAirteagal 2(1) agus (5), pointí (c) agus (f), den Rialachán sin agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir iascach measctha a choinneáil ar bun, i bhfianaise na dtionchar tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus an gá atá le stádas maith a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú ar leibhéil: (i) lena seachnaítear an baol go ndúnfaí iascaigh roimh am mar gheall ar easpa cuótaí a bheith ag soithí iascaireachta le haghaidh stoic arna ngabháil mar fhoghabháil, i gcás ina bhféadfadh diantionchair shocheacnamaíocha a bheith ag gabháil le dúnadh roimh am den sórt sin sa ghearrthéarma; agus an tráth céanna (ii) lena n-áirithítear caomhnú na stoc lena mbaineann, i gcás ina bhféadfadh tionchair thromchúiseacha fhadtéarmacha chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bheith ann má mhainnítear stoic a chaomhnú, chomh maith le tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha ghaolmhara. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú freisin bunaithe ar fhianaise shonrach, iontaofa agus infhíoraithe maidir le tréimhsí coiscthe roimh am a d'fhéadfadh a bheith ann agus tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le tionchair fhadtéarmacha ar an gcomhshaol. Chun laghdú a dhéanamh ar ghabhálacha na stoc ar ina leith atá TACanna foghabhála socraithe, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach ina ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéil a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athbhunú go leibhéil inbhuanaithe.

(15) De réir na comhairle ábhartha ó ICES, tá gabhálacha áineasa mangach (*Pollachius pollachius*) i bhfolimistéar 8 agus roinn 9a ICES neamhdhiomaibhseach. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainneacha a bhunú le haghaidh gabhálacha áineasa mangach i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar 34.1.1 den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF).

(16) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis do ICES a chomhairle eolaíoch maidir leis an eascann Eorpach a fhoilsiú le haghaidh 2026.]* [I mí na Bealtaine 2022 chuir ICES in iúl nach ndearnadh aon dul chun cinn foriomlán, d'ainneoin iarrachtaí na mBallstát maidir le hathbhunú stoc na heascainne Eorpaí (*Anguilla anguilla*), maidir le baint amach an chuspóra ligean do 40 % de bhithmhais na n-eascann geal éalú ar fud an Aontais ina iomláine, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle[55], agus nár breathnaíodh aon phatrún soiléir maidir le básmhaireacht. I mí na Samhna 2025 mhol ICES arís gur cheart gan aon ghabháil eascann Eorpach a bheith ann i ngach gnáthóg agus ag gach céim den saol, ar fud a raoin nádúrtha, lena gcuimsítear an tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Mheánmhuir, nuair a chuirtear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm. Bhain sé sin le gabhálacha áineasa agus tráchtála araon agus áiríodh leis gabhálacha eascann gloine le haghaidh athstocála agus dobharshaothrú.]

[55] Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athbhunú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1100/oj).

(17) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis do ICES a chomhairle eolaíoch maidir leis an eascann Eorpach a fhoilsiú le haghaidh 2026.]* [Le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle[56] cuireadh síneadh 6 mhí leis an tréimhse choiscthe le haghaidh aon ghníomhaíocht iascaireachta eascann tráchtála in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh. Cuireadh toirmeasc leis freisin ar gach iascach eascann áineasa sna huiscí sin. Measadh gurbh fhearr a chosnódh tréimhse choiscthe 6 mhí an stoc ná mar a chosnódh bearta an Aontais agus na bearta náisiúnta a cuireadh chun feidhme go dtí 2022. Measadh freisin leis an tréimhse choiscthe shínithe go gcuirfí le baint amach an chuspóra a leagtar amach in Airteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ligean do 40 % ar a laghad d'eascanna geala éalú. Le Rialacháin (AE) 2024/257[57] agus (AE) 2025/202 ón gComhairle[58], coinníodh na bearta sin ar bun agus na critéir á soiléiriú maidir leis an tréimhse choiscthe agus an maolú a d'fhéadfadh a bheith ann a shocrú i gcás iascach eascann teoranta leanúnach le linn thréimhse imirce na n-eascann. I bhfianaise stádas criticiúil leanúnach na heascainne Eorpaí, is iomchuí na bearta sin a choinneáil ar bun in 2026.]

(18) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis do ICES a chomhairle eolaíoch maidir leis an eascann Eorpach a fhoilsiú le haghaidh 2026.]* [De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, is beart caomhnúcháin é eascanna gloine a athstocáil arna roghnú ag Ballstáit áirithe ina bpleananna bainistíochta eascann. D'fhonn é a chur ar a gcumas do na Ballstáit sin leanúint den bheart sin a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gabhálacha eascann gloine in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh ag an am iomchuí den bhliain agus b'fhéidir le linn a bpríomhthréimhse imirce. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit iascaireacht leanúnach eascann gloine a cheadú go heisiach le haghaidh athstocála ar feadh 50 lá breise le linn phríomhthréimhse imirce nó na n-eascann gloine.]

(19) Sa chomhairle ó ICES le haghaidh 2026 maidir le stoic áirithe ealásmabrainciach (sciataí, siorcanna, roic), molann sé gabhálacha nialasacha, mar gheall ar a ndrochstádas caomhantais, nó i gcás ina bhféadfadh fiú gníomhaíocht theoranta iascaireachta a bheith ina siocair le riosca tromchúiseach caomhnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar iascaireacht a dhéanamh ar speicis den sórt sin. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 15(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, níl feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leis na speicis a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh orthu. Nuair a ghabhtar de thaisme iad, níor

---

[56] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/194/oj).

[57] Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194, (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

[58] Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

cheart dochar a dhéanamh do na speicis sin agus ba cheart iad a scaoileadh saor go pras. Nuair a aischuirtear ealásmabrainciaigh den sórt sin ní mheastar go n-ardaítear a ráta básmhaireachta iascaireachta go suntasach agus tacaíonn sé le caomhnú na stoc sin toisc go mbíonn rátaí arda marthanais acu nuair a aischuirtear iad.

(20) Chun an úsáid a bhaintear as deiseanna iascaireachta a uasmhéadú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le socrú solúbtha a chur chun feidhme idir limistéir áirithe TAC inarb é an stoc bitheolaíoch céanna atá i gceist.

(21) Déantar foráil le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle[59] maidir le solúbthacht ó bhliain go bliain i dtaca le cuótaí le haghaidh stoic atá faoi réir 'TACanna réamhchúraim' agus 'TACanna anailíseacha' araon. Faoi Airteagal 2 den Rialachán sin, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á socrú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 ná 4 den Rialachán sin maidir leo, ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc agus ar bhonn na ngealltanas a comhaontaíodh le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Thairis sin, déantar foráil le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le solúbthacht bhreise ó bhliain go bliain le haghaidh na stoc uile atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de bhaint amach chuspóirí CBI, níor cheart feidhm charnach a bheith ag solúbthacht ó bhliain go bliain le haghaidh cuótaí de bhun Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) 1380/2013. Ar deireadh, ba cheart solúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a eisiamh freisin i gcás na stoc sin ar ina leith a eisiatar solúbthacht ó bhliain go bliain de bhun Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.

(22) I gcás nach ndéanann ach aon Bhallstát amháin iascaireacht ar stoc, is iomchuí an Ballstát sin a chumhachtú le TAC a shocrú don stoc sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is iomchuí an cumhachtú sin, ar choinníoll, agus leibhéal an TAC á chinneadh, go gcomhlíonfaidh an Ballstát na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472. Chun go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na gcuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, ba cheart do na Ballstáit faisnéis maidir leis na TACanna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) measúnú a dhéanamh ar na TACanna sin, agus i gcás ina measfaidh STECF nach gcomhlíonann na TACanna sin na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, ba cheart do na Ballstáit na TACanna a leasú ar bhonn na comhairle ó STECF.

(23) Is gá teorainneacha na hiarrachta iascaireachta le haghaidh sól i Muir nIocht Thiar (roinn 7e ICES) a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/472.

(24) Is gá na huasteorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) a bhunú i gcuid de limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT), go sonrach san Aigéan

[59] Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/847/oj).

Atlantach, lastoir de 45°I, i gcomhréir le hAirteagail 6, 11, 13 agus 16 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60].

(25) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[61], arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62], agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 den Rialachán sin, maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta a thaifeadadh agus fógra a thabhairt faoi shonraí i ndáil le hídiú deiseanna iascaireachta. Is gá, dá bhrí sin, na cóid atá le húsáid ag na Ballstáit a shonrú agus sonraí á gcur chuig an gCoimisiún maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta le haghaidh stoic atá faoi réir an Rialacháin seo.

(26) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil NEAFC.]* Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024, ghlac an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) TAC do Pháirtithe Conarthacha NEAFC le haghaidh péirse mhara (*Sebastes mentella*) in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2025, a fhéadfar a iascach sa tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Samhain 2025. Ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh péirse mhara sa limistéar sin le haghaidh 2025 a shocrú ar leibhéal an TAC sin. Ina theannta sin, a luaithe a bheidh an TAC úsáidte go hiomlán ag Páirtithe Conarthacha NEAFC agus a luaithe a bheidh an t-iascach dúnta, ba cheart do na Ballstáit toirmeasc a chur ar iascach spriocdhírithe ar phéirse mhara ag soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu.]

(27) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil NEAFC.]* [Tá an ronnach (*Scomber scombrus*), an faoitín gorm (*Micromesistius poutassou*) agus scadán an Atlantaigh- Chríoch Lochlann (*Clupea harengus*) san Atlantach Thoir Thuaidh faoi réir chomhairliúcháin na Stát cósta maidir le bainistiú iascaigh i gcás na stoc sin, agus is stoic iad a bhainistíonn NEAFC freisin. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn na seasamh a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 10 Deireadh Fómhair 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifid Chomhaontaithe le haghaidh scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh 2025 a síníodh an 18 Deireadh Fómhair 2024, faoitíní gorma san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh 2025 a síníodh an 16 Deireadh Fómhair 2024 agus ronnaigh san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh 2025 a síníodh an 22 Deireadh Fómhair 2024. Ag an gcruinniú

60 Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj).

61 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

62 Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj).

bliantúil a bhí ag NEAFC in 2024, ghlac sé moltaí maidir le bearta caomhnúcháin agus bainistíochta le haghaidh scadáin an Atlantaigh- Chríoch Lochlann, faoitíní gorma agus ronnaigh le haghaidh 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, na TACanna i gcomhair 2025 le haghaidh scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann, faoitíní gorma agus ronnaigh san Atlantach Thoir Thuaidh a shocrú ar leibhéal na ndeiseanna iascaireachta a comhaontaíodh i dTaifid Chomhaontaithe na Stát cósta agus i moltaí NEAFC.]

(28) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil CICTA.]* [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024, choinnigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA) na bearta reatha ar bun le haghaidh stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún ICCAT. Ina theannta sin, mhéadaigh CICTA na TACanna le haghaidh 2025 i gcomparáid le 2024 i gcás tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) agus i gcás cholgáin an Atlantaigh Thuaidh (*Xiphias gladius*). Thairis sin, bhog CICTA an tréimhse choiscthe maidir le feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) a úsáid chun tuinníní trópaiceacha a iascach go tréimhse níos déanaí sa bhliain agus laghdaigh sé fad na tréimhse go 45 lá. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]

(29) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an chruinnithe bhliantúil den Choimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha.]* [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024, ghlac an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha teorainneacha gabhála le haghaidh na stoc i limistéar Choinbhinsiún CAMLR le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 30 Samhain 2025. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]

(30) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, bhunaigh an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) na bearta seo a leanas ina Limistéar Inniúlachta le haghaidh 2026: (i) choinnigh sé ar bun na bearta atá ann faoi láthair agus a glacadh le haghaidh tuinníní buí (*Thunnus albacares*); (ii) rinne sé athbhreithniú ar na teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha; agus (iii) ghlac sé teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*). Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. [Ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh tuinníní aigéanacha i Limistéar Inniúlachta IOTC le haghaidh 2026 a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir leis an gcomhaontú ar tháinig na Ballstáit lena mbaineann air maidir le scála cionroinnte an stoic sin, lena gcuirtear [X] san áireamh].

(31) Beidh cruinniú bliantúil na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) ar siúl ón 2 go dtí an 6 Márta 2026. Ba cheart, dá réir sin, na bearta atá ann faoi láthair i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna a choinneáil ar bun go sealadach go dtí go mbeidh an cruinniú bliantúil ar siúl agus go dtí go mbunófar na TACanna le haghaidh 2026.

(32) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, d'athraigh an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) roinnt de na bearta a bhí ann cheana is infheidhme i limistéar Choinbhinsiún IATTC agus líon na sruthfheistí comhthiomsaithe éisc le haghaidh 2026 á gcoinneáil ar bun. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(33) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an chruinnithe bhliantúil den Choimisiún um Chaomhnú an Tuinnín Ghoirm Dheisceartaigh.]* [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag an gCoimisiún um Chaomhnú an Tuinnín Ghoirm Dheisceartaigh in 2023, ghlac sé an TAC don tuinnín gorm

Deisceartach (*Thunnus maccoyii*) ar feadh tréimhse 3 bliana ó 2024 go 2026. Ba cheart an beart sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais le haghaidh 2025.]

(34) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil SEAFO.]* [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO) in 2024, choinnigh sí ar bun le haghaidh na tréimhse 2025-2026 na TACanna i limistéar Choinbhinsiún SEAFO a leagadh amach le haghaidh 2024. Mar sin féin, tháinig méadú 13 thona ar TAC na ndéadiasc Patagónach (*Dissostichus eleginoides*) i bhfolimistéar D SEAFO le haghaidh 2025 i gcomparáid le 2024. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]

(35) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an chruinnithe bhliantúil den Choimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir.]* [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag an gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC), choinnigh sé ar bun le haghaidh 2025 na bearta a glacadh le haghaidh 2024. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]

(36) Ag an 47ú cruinniú bliantúil a bhí ag Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) in 2025, ghlac sí deiseanna iascaireachta i gcás stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún NAFO le haghaidh 2026. Choinnigh sí le haghaidh 2026 freisin bearta a bhfuil nasc feidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh scuideanna gearreiteacha (*Illex illecebrosus*) i bhfolimistéir 3 agus 4 NAFOagus leitheanna earrbhuí (*Limanda ferruginea*) i ranna 3LNO NAFO, arb é is aidhm dóibh leibhéil fhoghabhálacha na speiceas sin nach spriocspeicis iad a íoslaghdú mar go gcaithfí, gan na bearta sin, na deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc sin a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(37) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, rinne Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) athbhreithniú ar na bearta atá ann cheana maidir le siorcanna domhainfharraige, lena n-áirítear an dúnadh atá ann faoi láthair i limistéir iascaireachta agus liosta na speiceas siorcanna a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht spriocdhírithe a dhéanamh orthu i limistéar Chomhaontú SIOFA. Ina theannta sin, ghlac SIOFA beart nua maidir le hiascach beantach, lena n-áirítear limistéir áirithe a dhúnadh le haghaidh gach gníomhaíochta iascaireachta grinnill agus i limistéir áirithe gan ach iascaireacht spiléir ghrinnill a cheadú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(38) Faoi Airteagal 498(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[63] (an 'Comhaontú Trádála agus Comhair'), déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin a reáchtáil go bliantúil, faoin 10 Nollaig gach bliain, chun na TACanna don bhliain dár gcionn a chomhaontú le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Mura gcomhaontófar na TACanna sin faoin 10 Nollaig, tá na Páirtithe le dul i mbun comhairliúcháin arís láithreach agus é d'aidhm leanúnach acu teacht ar chomhaontú maidir leis na TACanna, mar a cheanglaítear le hAirteagal 499(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

---

63 IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj

(39) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an comhairliúchán idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích.]* [In 2024 reáchtáil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le líon mór TACanna a shocrú le haghaidh 2025 le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Rinneadh na comhairliúcháin sin de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn an tseasaimh ón Aontas arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2024, agus i gcomhréir leis na páipéir neamhoifigiúla ón gCoimisiún arna bhformhuiniú ag an gComhairle an 5, an 8 agus an 19 Samhain agus an 2 Nollaig 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dtaifead i scríbhinn a síníodh an 6 Nollaig 2024. Ba cheart na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú, dá bhrí sin, ar na leibhéil a leagtar amach sa taifead i scríbhinn sin, agus ba cheart na bearta eile atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa taifead i scríbhinn sin freisin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]

(40) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an comhairliúchán idir an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua a thabhairt i gcrích.]* [In 2024, reáchtáil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin thríthaobhacha maidir le sé stoc a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhpháirteach laistigh de na limistéir atá faoina ndlínse, agus é d'aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir leis na stoic sin a bhainistiú, lena n-áirítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir an 4 Samhain agus an 2 Nollaig 2024, ar bhonn an tseasaimh ón Aontas arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2024, agus i gcomhréir leis an bpáipéar neamhoifigiúil ó sheirbhísí an Choimisiúin arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 8 Samhain 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dtaifead comhaontaithe a shínigh Cinn na dToscaireachta an 2 Nollaig 2024. Ba cheart na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú ag an leibhéal arna chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, agus ba cheart na forálacha eile sa taifead comhaontaithe sin a chur chun feidhme i dlí an Aontais.]

(41) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an comhairliúchán idir an tAontas agus an Iorua a thabhairt i gcrích.]* [Reáchtáil an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua maidir le seacht stoc a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhpháirteach in Skagerrak (an trosc (*Gadus morhua*), an chadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), an scadán (*Clupea harengus*), an séacla Artach (*Pandalus borealis*), an leathóg (*Pleuronectes platessa*), an salán (*Sprattus sprattus*) agus an faoitín (*Merlangius merlangus*), chun teacht ar chomhaontú maidir le bainistiú na stoc sin agus na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh 2025, mar aon le malartú cuótaí agus socruithe rochtana. Na comhairliúcháin sin, a rinneadh ar bhonn an tseasaimh ón Aontas arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2024, tugadh i gcrích iad an 5 Nollaig 2024 agus rinneadh an toradh a dhoiciméadú i dtrí thaifead chomhaontaithe, arna síniú ag na Cinn Toscaireachta an 5 Nollaig 2024. Ba cheart na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú ar an leibhéal arna chomhaontú leis an Iorua, agus ba cheart na forálacha eile sna taifid chomhaontaithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]

(42) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an comhairliúchán idir an tAontas agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge a thabhairt i gcrích.]* [I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas

Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus sa Phrótacal cur chun feidhme a ghabhann leis[64], chomhaontaigh na Páirtithe leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas in uiscí na Graonlainne le haghaidh 2025 a bhunú ag an leibhéal a comhaontaíodh agus dá bhforáiltear sa Phrótacal cur chun feidhme sin, atá le deimhniú trí mhalartú litreacha, dá bhforáiltear in Airteagal 12(8) den Chomhaontú sin, tar éis do naPáirtithe an Prótacal cur chun feidhme a ghabhann leis a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach. Ba cheart, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú ar an leibhéal a leagtar amach sa Phrótacal cur chun feidhme, agus na haistrithe chuig an Iorua a comhaontaíodh sna comhairliúcháin déthaobhacha iascaigh idir an tAontas agus an Iorua le haghaidh 2025 á gcur san áireamh.]

(43) Deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) (‘Conradh Pháras 1920’) rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach an seasamh ón Aontas maidir leis an rochtain sin i roinnt *notes verbales* chuig an Iorua, arbh iad cinn an 26 Feabhra 2021, an 28 Meitheamh 2021, an 1 Lúnasa 2022 agus an 26 Deireadh Fómhair 2023 na cinn is déanaí. A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh portáin sneachta (*Chionoecetes* spp.) timpeall ar Svalbard, is iomchuí teorainn a chur leis an líon soithí iascaireachta atá údaraithe leis na gníomhaíochtaí iascaireachta sin a dhéanamh rud a áiritheoidh go mbeidh saothrú portán sneachta timpeall ar Svalbard comhsheasmhach le rialacha bainistíochta neamh-idirdhealaitheacha a leag an Iorua amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar i gcomhréir le forálacha ábhartha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Chonradh Pháras 1920. Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin i measc na mBallstát teoranta do 2026. San Aontas, is ar na Ballstáit bhrataí atá an phríomhfhreagracht comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.

(44) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha maidir le stoic san Artach Thoir Thuaidh a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a bheidh an fhaisnéis ábhartha ar fáil.]* [A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta trosc san Artach Thoir Thuaidh, is iomchuí cuóta trosc an Aontais in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES le haghaidh 2025 a shocrú ar bhonn an TAC thagartha le haghaidh an stoic sin agus ar sciar iascaireachta stairiúil 2,8274 % an Aontais. Ba cheart cuóta sin an Aontais a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle[65], faoi réir na n-oiriúnuithe is gá de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a bheith déanta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 36, tábla E, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.]

(45) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais le haghaidh soithí a mbeidh bratach Veiniséala ar foluain acu a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a bheidh an fhaisnéis ábhartha ar fáil.]* [I gcomhréir le Dearbhú an Aontais chuig Poblacht Bholavarach Veiniséala maidir le deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais a dheonú do shoithí iascaireachta a mbeidh

64 Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (IO L 175, 18.5.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/793/oj).

65 Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála trosc i réigiún Spitsbergen agus Oileán na mBéar a chionroinnt agus i Roinn 3M mar a shainítear i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135, 23.5.1987, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/277/oj).

bratach Veiniséala ar foluain acu sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince, arna fhormheas thar ceann an Aontais le Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle[66], ní mór an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh sclamhairí a bheidh ar fáil do Veiniséala in uiscí an Aontais le haghaidh 2025 a shocrú.]

(46) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun Ballstáit aonair a údarú le cionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavata-lae; chun laethanta breise ar muir a dheonú le haghaidh scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta agus le haghaidh cumhdach feabhsaithe breathnóra eolaíoch; agus chun formáidí scarbhileoige a bhunú chun faisnéis a bhailiú agus a tharchur maidir le haistrithe laethanta ar muir idir soithí iascaireachta a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67].

(47) Chun cur i bhfeidhm leanúnach a áirithiú agus éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint le linn na tréimhse idir deireadh na bliana agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana ina dhiaidh sin, ba cheart forálacha an Rialacháin seo maidir le toirmisc agus tréimhsí coiscthe a bheith fós infheidhme ag tús 2027, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027 i bhfeidhm. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart na forálacha a mbeidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027 nó an 31 Nollaig 2028 leanúint d'fheidhm a bheith acu ag tús 2028 nó 2029, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2028 nó 2029 i bhfeidhm.

(48) Ionas nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun slí bheatha na n-iascairí a chosaint, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Ar chúiseanna práinne agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(49) Ag deireadh 2025 ghlac na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh ábhartha (ERBInna) bearta idirnáisiúnta áirithe lena gcruthófar nó lena gcuirfear srian le deiseanna iascaireachta le haghaidh an Aontais agus bhí feidhm ag na bearta sin sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm chúlghabhálach a bheith ag na forálacha den Rialacháin seo lena gcuirtear na bearta sin chun feidhme i ndlí an Aontais. Go sonrach, ós rud é go maireann an séasúr iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CAMLR ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain agus go leagtar síos deiseanna nó toirmisc áirithe iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CAMLR le haghaidh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2025, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo ón dáta sin. Ina theannta sin, maireann an séasúr iascaireachta le haghaidh déadiasc i limistéar Chomhaontú SIOFA ón 1 Nollaig go dtí

---

66 Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Dearbhaithe maidir le deonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 19.9.2015, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1565/oj).

67 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

an 30 Samhain, agus ós rud é go mbunaítear na TACanna don ghrúpa speiceas sin ar feadh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2025, ba cheart feidhm a bheith ag na TACanna ón dáta sin. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach mar sin dochar do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh toisc go bhfuil cosc ar shoithí iascaireachta a bhfuil bratach an Pháirtí Chonarthaigh ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh i limistéar Choinbhinsiún CAMLR agus i limistéar Chomhaontú SIOFA gan údarú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

2. Áirítear leis na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas:
   (a) na teorainneacha gabhála le haghaidh 2026 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh 2027 agus 2028 freisin;
   (b) na teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh na bliana 2026, cé is moite de na teorainneacha iarrachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a mbeidh feidhm acu ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027;
   (c) deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026 le haghaidh stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún CAMLR agus le haghaidh stoic áirithe i limistéar Chomhaontú SIOFA; agus
   (d) deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027 i limistéar Choinbhinsiún Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC).

*Airteagal 2*
*Raon feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soithí iascaireachta seo a leanas:
   (a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais; agus
   (b) soithí iascaireachta tríú tír in uiscí an Aontais.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas freisin:
   (a) iascach áineasa áirithe dá dtagraítear go sainráite sna forálacha ábhartha den Rialachán seo; agus
   (b) an t-iascach tráchtála ón gcladach.

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'soitheach tríú tír' soitheach iascaireachta a bhfuil bratach tríú tír ar foluain aici agus atá cláraithe i dtríú tír;

(b) ciallaíonn 'iascach áineasa' gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíocha na mara i gcomhthéacs áineasa, turasóireachta nó spóirt;

(c) ciallaíonn 'uiscí idirnáisiúnta' uiscí atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon Stáit;

(d) ciallaíonn 'gabháil iomlán incheadaithe' (TAC):

(i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadfar a thabhairt i dtír maidir le gach stoc gach bliain;

(ii) i ngach iascach eile, an chainníocht éisc a fhéadfar a ghabháil maidir le gach stoc gach bliain;

(e) ciallaíonn 'cuóta' an cion de TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;

(f) ciallaíonn 'measúnú anailíseach' meastóireacht chainníochtúil ar threochtaí i gcás stoc ar leith, bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, lena n-áirítear meastóireacht atá bunaithe ar athróga, ar sonraíodh le hathbhreithniú eolaíoch na sonraí sin go raibh siad de cháilíocht leordhóthanach chun comhairle eolaíoch a sholáthar;

(g) ciallaíonn 'TAC anailíseach' TAC a bhfuil measúnú anailíseach ar fáil ina leith;

(h) ciallaíonn 'TAC réamhchúraim' TAC nach bhfuil measúnú anailíseach ar fáil ina leith ach ina ionad sin go bhfuil measúnú bunaithe ar an gcur chuige réamhchúraim ar fáil nó nach bhfuil aon mheasúnú ar fáil;

(i) ciallaíonn 'mogallmhéid' mogallmhéid líonta iascaireachta mar a shainítear in Airteagal (6), pointe (34) de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68];

(j) ciallaíonn 'clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais' an clár arna bhunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(k) ciallaíonn 'logleabhar iascaireachta' an logleabhar dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

---

68 Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

(l) ciallaíonn ‘baoi gléasta’ baoi atá marcáilte go soiléir le huimhir thagartha uathúil lenar féidir a úinéir a shainaithint agus atá feistithe le córas rianaithe satailíte chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh;

(m) ciallaíonn ‘baoi oibríochtúil’ aon bhaoi gléasta, a rinneadh a ghníomhachtú, a chasadh air agus a imscaradh roimhe sin ar muir ar shruthfheiste um chomhbhailiú éisc (FAD) nó ar loga le sruth, a tharchuireann suíomhanna agus faisnéis eile a bhíonn ar fáil amhail meastacháin sondálaí fuaime.

*Airteagal 4*
*Limistéir iascaireachta*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas maidir le limistéir iascaireachta:

(a) ciallaíonn ‘limistéir ICES (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara)’ na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69];

(b) ciallaíonn ‘Skagerrak’ an limistéar geografach a theorannaítear thiar le líne a théann ó theach solais Hanstholm go dtí teach solais Lindesnes agus ó dheas le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne;

(c) ciallaíonn ‘Kattegat’ an limistéar geografach a theorannaítear ó thuaidh le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne agus ó dheas le líne a théann ó Hasenøre go dtí Gnibens Spids, ó Korshage go dtí Spodsbjerg, agus ó Gilbjerg Hoved go dtí Kullen;

(d) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 16 d’fholimistéar 7 ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 53°30’ T, 15°00’ I,
– 53°30’ T, 11°00’ I,
– 51°30’ T, 11°00’ I,
– 51°30’ T, 13°00’ I,
– 51°00’ T, 13°00’ I,
– 51°00’ T, 15°00’ I;

(e) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 25 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 43°00’ T, 9°00’ I,
– 43°00’ T, 10°00’ I,
– 43°30’ T, 10°00’ I,

69 Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach thoir thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/218/oj).

– 43°30’ T, 9°00’ I,

– 44°00’ T, 9°00’ I,

– 44°00’ T, 8°00’ I,

– 43°30’ T, 8°00’ I;

(f) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 26 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 43°00’ T, 8°00’ I,

– 43°00’ T, 10°00’ I,

– 42°00’ T, 10°00’ I,

– 42°00’ T, 8°00’ I;

(g) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 27 de roinn ICES 9a’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 42°00’ T, 8°00’ I,

– 42°00’ T, 10°00’ I,

– 38°30’ T, 10°00’ I,

– 38°30’ T, 9°00’ I,

– 40°00’ T, 9°00’ I,

– 40°00’ T, 8°00’ I;

(h) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 30 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach faoi dhlínse na Spáinne i Murascaill Cádiz agus sna huiscí máguaird i roinn 9a ICES;

(i) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 31 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 43°30’ T, 6°00’ I,

– 44°00’ T, 6°00’ I,

– 44°00’ T, 2°00’ I,

– 43°30’ T, 2°00’ I;

(j) ciallaíonn ‘Murascaill Cádiz’ an limistéar geografach i roinn 9a ICES lastoir de dhomhanfhad 7 23'48" I;

(k) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún CAMLR (an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Beo-acmhainní Muirí san Antartach a chaomhnú[70];

[70] IO L 252, 5.9.1981, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1981/691/oj. D’fhormheas an tAontas Coinbhinsiún CCAMLR trí bhíthin Chinneadh 81/691/CEE ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le beo-acmhainní muirí san Antartach a chaomhnú (IO L 252, 5.9.1981, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1981/691/oj).

(l) ciallaíonn ‘limistéir CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir)’ na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71];

(m) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún IATTC (an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún chun an Coimisiún Idir- Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú (Coinbhinsiún Antigua) [72];

(n) ciallaíonn ‘Limistéar Choinbhinsiún CICTA (an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh[73];

(o) ciallaíonn ‘Limistéar Inniúlachta IOTC (an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Chomhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh[74];

(p) Ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún NAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh)’ agus ‘limistéir NAFO’ na limistéir gheografacha a shainítear sa Coinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh[75];

(q) ciallaíonn ‘Limistéar Rialála NAFO’ an chuid de Limistéar Choinbhinsiún NAFO atá taobh amuigh den dlínse náisiúnta;

(r) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún NPFC’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh[76];

---

71 Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit a bhíonn ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/216/oj).

72 IO L 224, 16.8.2006, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2005/26/oj. D’fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún chun IATTC a Neartú trí bhíthin Chinneadh 2006/539/CE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú (IO L 224, 16.8.2006, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/539/oj).

73 IO L 162, 18.6.1986, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1986/238(1)/oj. D’aontaigh an tAontas do CICTA trí bhíthin Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj).

74 IO L 236, 5.10.1995, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1995/399/oj. D’aontaigh an tAontas do IOTC trí bhíthin Chinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh (IO L 236, 5.10.1995, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1995/399/oj).

75 IO L 378, 30.12.1978, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1978/3179/oj. D’aontaigh an tAontas do Choinbhinsiún NAFO trí bhíthin Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle an 28 Nollaig 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 378, 30.12.1978, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1978/3179/oj).

76 IO L 55, 28.2.2022, lch. 14. D’aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/314 ón

(s) ciallaíonn 'limistéar Choinbhinsiún SEAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas[77];

(t) ciallaíonn 'Limistéar Chomhaontú SIOFA (Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas)' an limistéar geografach a shainítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas[78];

(u) ciallaíonn 'Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh na mórmhara san Aigéan Ciúin Theas[79];

(v) ciallaíonn 'Limistéar Choinbhinsiún WCPFC (an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Stoic Mhórimirceacha Éisc san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú[80];

(w) ciallaíonn 'mórmhuir Mhuir Bheiring' limistéar geografach mhórmhuir Mhuir Bheiring thar 200 muirmhíle ó na bunlínte óna dtomhaistear leithead fharraige theorann Stáit chósta Mhuir Bheiring;

(x) ciallaíonn an 'limistéar forluí idir limistéir Choinbhinsiún IATTC agus WCPFC' an limistéar geografach a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

– domhanfhad 150°I,

– domhanfhad 130o°I,

– domhanleithead 4°D,

– domhanleithead 50°D.

---

gComhairle an 15 Feabhra 2022 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L 55, 28.2.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/314/oj).

77 IO L 234, 31.8.2002, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2001/319/oj. D'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SEAFO trí bhíthin Chinneadh 2002/738/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um chaomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (IO L 234, 31.8.2002, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/738/oj).

78 IO L 196, 18.7.2006, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2006/496/oj. D'fhormheas an tAontas SIOFA trí bhíthin Chinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/780/oj).

79 IO L 67, 6.3.2012, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2012/130/oj. D'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SPRFMO trí bhíthin Chinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/130(1)/oj).

80 IO L 32, 4.2.2005, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2005/75/oj. D'aontaigh an tAontas do WCPFC trí bhíthin Chinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Mhórimirceacha Éisc san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/75(1)/oj ).

# TEIDEAL II
# DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS

## Caibidil I
## Forálacha ginearálta

*Airteagal 5*
*TACanna agus cionrannta*

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I na TACanna do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach den Aontas iad, leithdháileadh na TACanna sin i measc na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí na coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin.

2. Féadfaidh an Stát cósta lena mbaineann soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí faoi dhlínse iascaigh Oileáin Fharó, na Graonlainne agus na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta mórthimpeall Jan Mayen faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 22 den Rialachán seo, i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81] agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

3. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí faoina dlínse iascaigh faoi réir na TACanna in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 22 den Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

*Airteagal 6*
*TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit*

1. Is é an Ballstát lena mbaineann a chinnfidh na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás ina sonraítear iad san Iarscríbhinn sin.

2. Maidir leis na TACanna a bheidh le cinneadh ag Ballstát dá dtagraítear i mír 1:

   (a) beidh siad comhsheasmhach leis na cuspóirí agus leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialacháin (AE) 2018/973 agus 2019/472, go háirithe leis an gcuspóir maidir le saothrú inbhuanaithe an stoic; agus

   (b) beidh saothrú ar an stoc mar thoradh orthu atá:

[81] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2403/oj).

(i) i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, má bhíonn measúnú anailíseach ar fáil, agus an dóchúlacht is airde is féidir ann gurb amhlaidh a bheidh; nó

(ii) comhsheasmhach leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh, mura mbeidh measúnú anailíseach ar fáil nó má bhíonn sé neamhiomlán.

3. Faoin 15 Márta cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) na TACanna a chinn sé;

(b) na sonraí a bailíodh, a ndearnadh measúnú orthu agus a úsáideadh mar bhonn leis na TACanna a chinneadh; agus

(c) sonraí maidir leis an gcaoi a ndéanann na TACanna arna gcinneadh na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 a chomhlíonadh.

4. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar STECF an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3, pointí (b) agus (c); agus

(b) a mheasúnú an ndéanann na TACanna arna gcinneadh ag na Ballstáit na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 a chomhlíonadh.

5. Má mheastar, de réir na comhairle ó STECF, nach leor an fhaisnéis a chuireann na Ballstáit isteach, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann faisnéis nua faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le faisnéis tacaíochta lena dtugtar bonn cirt don fhaisnéis nua sin i ndáil leis an gcomhairle ó STECF, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis fhoilsiú na comhairle ó STECF.

6. Más rud é, de réir na comhairle ó STECF, nach gcomhlíonann na TACanna arna gcinneadh ag na Ballstáit na coinníollacha a leagtar síos i mír 2, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann leasú, ar bhonn na comhairle ó STECF, ar na TACanna a chinn siad agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin na TACanna leasaithe sin, mar aon le faisnéis tacaíochta lena dtugtar bonn cirt do na TACanna leasaithe ar bhonn na comhairle ó STECF, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis fhoilsiú na comhairle sin, i gcás inarb ábhartha, mar aon leis na sonraí nua dá dtagraítear i mír 5.

*Airteagal 7*

*Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír*

1. Gabhálacha nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní choinneofar ar bord iad ná ní thabharfar i dtír iad ach amháin:

(a) má ghabh soithí iascaireachta iad a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu, a bhfuil cuóta acu agus nach bhfuil an cuóta sin ídithe; nó

(b) más cion de chuóta an Aontais iad nár cionroinneadh ar na Ballstáit agus nár ídíodh.

2. Sainaithnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun críocha an

mhaolaithe ar an oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

*Airteagal 8*

*Sásra um malartuithe cuótaí do TACanna maidir le foghabhálacha dosheachanta*

1. Chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh, agus chun cuótaí le haghaidh foghabhálacha áirithe a chur ar fáil do na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, beidh feidhm ag an sásra um malartuithe cuótaí mar a leagtar amach i míreanna 2 go 5 maidir leis na TACanna a shainaithnítear in Iarscríbhinn IA.

2. Cuirfear ar fáil do linn le haghaidh malartuithe cuótaí ('an linn'), a osclófar an 1 Eanáir, 6 % de gach cuóta ó na TACanna le haghaidh trosc (*Gadus morhua*) sa Mhuir Cheilteach (COD/7XAD34), trosc in Iarthar na hAlban (COD/5BE6A), faoitíní (*Merlangius merlangus*) i Muir Éireann (WHG/07A.) agus leathóga ballacha (*Pleuronectes platessa*) i ranna 7h, 7j agus 7k ICES (PLE/7HJK.), agus 3 % de gach cuóta ón TAC le haghaidh faoitíní in Iarthar na hAlban (WHG/56-14), arna gcionroinnt ar gach Ballstát, . Beidh rochtain eisiach ag na Ballstáit gan chuóta ar an linn go dtí an 31 Márta.

3. Ní fhéadfar na cainníochtaí arna dtarraingt ón linn a mhalartú ná a aistriú go dtí an bhliain dár gcionn. Tar éis an 31 Márta, tabharfar aon chainníocht nár úsáideadh ar ais do na Ballstáit sin a rannchuidigh leis an linn i dtosach.

4. Na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, tabharfaidh siad cuótaí ar ais le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn IA, Cuid C, mura gcomhaontóidh an Ballstát nach bhfuil cuóta aige agus an Ballstát atá ag rannchuidiú leis an linn a mhalairt.

5. Beidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí dá dtagraítear i mír 4, arna chinneadh ar bhonn ráta malairte margaidh nó rátaí malairte eile atá inghlactha go frithpháirteach. In éagmais malairt roghanna, déanfar an luach tráchtála coibhéiseach a chinneadh ar bhonn mheánphraghsanna an Aontais ón mbliain roimhe sin, arna soláthar ag Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe.

6. I gcás nach gceadaítear leis an sásra um malartuithe cuótaí a leagtar amach i míreanna 2 go 5 thuas do na Ballstáit a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach go pointe comhchosúil, déanfaidh na Ballstáit iarracht teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus é á áirithiú acu go mbeidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí a mhalartaítear.

*Airteagal 9*

*Teorainneacha iarrachta iascaireachta i Muir nIocht Thiar*

1. Le haghaidh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (b), den Rialachán seo, leagtar amach teorainneacha le hiarracht iascaireachta le haghaidh sól i Muir nIocht Thiar (roinn 7e ICES) in Iarscríbhinn II.

2. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát i gcomhréir le pointe 7.4 d'Iarscríbhinn II, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcionroinntear ar an mBallstát sin líon breise laethanta ar muir, de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith údaraithe ag a Ballstát brataí le bheith i roinn 7e ICES agus aon trealamh rialáilte á iompar ar

bord aici. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(2) den Rialachán seo.

3. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh trína gcionroinnfidh sé ar an mBallstát sin 3 lá ar muir ar a mhéad idir an 1 Feabhra 2026 agus an 31 Eanáir 2027, de bhreis ar na laethanta sin dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, ar a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith i roinn 7e ICES ar bhonn clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch, dá dtagraítear i bpointe 8.1 d'Iarscríbhinn II. Déanfar cionroinnt den sórt sin ar bhonn na tuairisce a chuir an Ballstát sin isteach i gcomhréir le pointe 8.3 d'Iarscríbhinn II agus tar éis dul i gcomhairle le STECF. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(2) den Rialachán seo.

*[Déanfar Airteagail 10 agus 15 go 18 den Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta tar éis thabhairt i gcrích na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, chomh maith leis an gcomhairliúchán idir an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua.]*

[*Airteagal 10*
*Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i ranna 4b, 4c agus 6a ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES*

1. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais, agus ar aon iascach tráchtála ón gcladach, iascaireacht a dhéanamh ar dhoingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 4b agus 4c ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES nó ar dhoingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le foghabhálacha doingean mara Eorpach i ngníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh. Baineann an díolúine sin le líon stairiúil na líonta trá a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. Ní bheidh gníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh dírithe ar dhoingin mhara Eorpacha agus ní fhéadfar ach foghabhálacha dosheachanta doingean mara Eorpach a thabhairt i dtír.

3. De mhaolú ar mhír 1, i mí Eanáir agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:

   (a) agus úsáid á baint as tráil ghrinnill[82], le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 3,8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 10 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n- orgánach muirí ar bord a ghabhann an soitheach iascaireachta lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;

   (b) agus úsáid á baint as saighní[83], le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 3,8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 10 %

[82] Na cineálacha tráil grinnill uile (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).
[83] Na cineálacha saighne uile (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).

de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord a ghabhann an soitheach iascaireachta lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;

(c) maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as duáin agus doruithe le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016, agus úsáid á baint as duáin agus doruithe[84], ar gabhálacha iad nach mó ná 6,8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus in aghaidh na bliana;

(d) maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as líonta geolbhaigh seasta le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016, agus úsáid á baint as líonta geolbhaigh seasta[85], i gcás foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 1,8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus in aghaidh na bliana.

I gcás ina ndéanfar soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ionadú, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go mbeidh feidhm ag na maoluithe sin maidir le soitheach iascaireachta eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar líon na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir gach ceann de na maoluithe ná ar a n-acmhainneacht fhoriomlán iascaireachta.

4. Ní bheidh na teorainneacha gabhála a leagtar amach i mír 3 inaistrithe idir soithí iascaireachta.

5. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i ranna 4b, 4c, 6a, agus 7a go 7k ICES:

(a) ón 1 Feabhra go dtí an 31 Márta:

(i) ní cheadófar ach iascaireacht gabh agus scaoil le slat nó le dorú láimhe ar an doingean mara Eorpach;

(ii) toirmiscfear na doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír;

(b) in Eanáir agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig:

(i) ní fhéadfar níos mó ná dhá eiseamal den doingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;

(ii) is é 42 cm an t-íosmhéid do dhoingean mara Eorpach a choinneofar;

(iii) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.

6. Beidh feidhm ag mír 5 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.]

### *Airteagal 11*
### *Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i mBá na Bioscáine*

1. Le linn dóibh a gcuid deiseanna iascaireachta a chinneadh i ndáil le hiascach tráchtála le haghaidh doingin mhara Eorpacha i mBá na Bioscáine (ranna 8a agus 8b ICES), áiritheoidh an Spáinn agus an Fhrainc go comhpháirteach nach mó ná

---

84 Gach iascach spiléir nó gach iascach cleithe agus dorú nó gach iascach slaite agus dorú (LHP, LHM, LLD, LL, LTL, LX agus LLS).

85 Gach líon gheolbhaigh sheasta agus gach gaiste (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).

5 286 thona suim na ndeiseanna sin, an ábhair mhuirí aischurtha tráchtála, na ngabhálacha áineasa agus an ábhair mhuirí aischurtha mhairbh áineasa. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir leis na deiseanna iascaireachta sin.

2. Faoin 15 Márta, cuirfidh an Spáinn agus an Fhrainc an Coimisiún ar an eolas faoi na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus faoin gcaoi a gcomhlíonann na deiseanna na deiseanna iascaireachta sin an mhír sin.

3. Is iad an Spáinn agus an Fhrainc (BSS/8AB) a thuairisceoidh gabhálacha in iascaigh thráchtála faoi na deiseanna iascaireachtadá dtagraítear i mír 1.

4. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i ranna 8a agus 8b ICES:

(a) féadfaidh uasmhéid eiseamal amháin den doingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae; agus

(b) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.

5. Beidh feidhm ag mír 4 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

*Airteagal 12*

*Bearta maidir le mangach i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in limistéar CECAF 34.1.1*

1. Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 42 cm maidir le gabhálacha mangach (*Pollachius pollachius*) i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar CECAF 34.1.1.

2. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar CECAF 34.1.1:

(a) féadfaidh uasmhéid dhá eiseamal den mhangach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae; ach an uasteorainn sin a bheith bainte amach, féadfar iascach 'gabháil agus scaoileadh saor' a dhéanamh; agus

(b) ní fhéadfar aon eiseamal den mhangach a ghabháil ná a choinneáil ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán; mar sin féin, féadfar iascach 'gabháil agus scaoileadh saor' a dhéanamh le linn na tréimhse sin.

3. Tá feidhm ag mír 1 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascaireacht áineasa.

*[Déanfar Airteagal 13 a thabhairt cothrom le dáta tar éis do ICES a chomhairle eolaíoch maidir leis an eascann Eorpach a fhoilsiú le haghaidh 2026.]*

*Airteagal 13*

*Bearta maidir le hiascaigh eascann Eorpach in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES*

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le huiscí muirí agus uiscí goirte i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES, agus maidir le huiscí goirte de chuid an Aontais atá cóngarach dóibh, lena n-áirítear inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha.

2. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta tráchtála ar chun críche imscrúduithe eolaíocha le soitheach iascaireachta nó gan soitheach iascaireachta iad, agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 agus go ndeimhneoidh STECF don Choimisiún agus do na Ballstáit lena mbaineann go bhfuil údar maith eolaíoch leis na himscrúduithe eolaíocha sin.

3. Cuirfear toirmeasc ar ghabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh eascanna Eorpacha (*Anguilla anguilla*) ag gach céim dá saolré ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad idir an 1 Aibreán 2026 agus an 31 Márta 2027. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit agus na hiascairí gach iarracht réasúnach gabhálacha de thaisme ar an eascann Eorpach a íoslaghdú agus, i gcás inar féidir, a chosc ina n-iomláine. Eiseamail den eascainn Eorpach a ghabhtar de thaisme, ní dhéanfar aon díobháil dóibh agus cuirfear ar ais i bhfarraige go pras iad. Chuige sin, cinnfidh an Ballstát lena mbaineann, cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt, tréimhse choiscthe amháin nó níos mó faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát nó laistigh de Bhallstát amháin ó limistéar iascaireachta amháin go limistéar iascaireachta eile chun patrún imirce geografaí agus aimseartha na heascainne Eorpaí a chur san áireamh ag na céimeanna difriúla dá saolré;

(b) mairfidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe ar feadh tréimhse ama 6 mhí ar a laghad a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta;

(c) beidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe i gcomhréir leis na cuspóirí caomhnaithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, agus le pleananna bainistíochta náisiúnta arna mbunú de bhun Airteagal 2 den Rialachán sin; agus

(d) cumhdóidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe príomhthréimhse imirce nó príomhthréimhsí imirce na heascainne Eorpaí, lena n-áirítear an bhuaic shonrach, ag an gcéim saoil shonrach sa Bhallstát lena mbaineann.

4. De mhaolú ar mhír 3, pointe (d), maidir le heascanna Eorpacha arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann gníomhaireachtaí iascaireachta ar feadh suas le 30 lá san iomlán, a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, a cheadú le linn na príomhthréimhse imirce, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta. Sa chás sin, cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann cosc breise ar feadh tréimhse choibhéiseach ama le linn na príomhthréimhse imirce nó, ar bhonn coimhdeach, díreach roimhe nó ina diaidh. I gcás ina gceadóidh Ballstát iascaireacht a dhéanamh ar laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile, déanfar an trealamh iascaireachta a thógáil amach as an uisce le linn aon tréimhse idir laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile.

5. De mhaolú breise ar mhír 3, pointe (d), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iascaireacht ar eascanna Eorpacha arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán agus iad ar imirce ó uiscí an Aontais go dtí a láithreacha sceite sa Mhuir Shargasach ('imirce le sruth') a cheadú ar feadh suas le 50 lá san iomlán ar laethanta iad a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile. Beidh feidhm aige sin maidir leis

na hiascairí uile lena mbaineann sa limistéar iascaireachta ábhartha, le linn na príomhthréimhse imirce, faoi na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) ní cheadófar gníomhaíocht iascaireachta den sórt sin ach amháin i gcás nach bhfuil rochtain ar uiscí mara ach trí uiscí goirte nach uiscí de chuid an Aontais iad;

(b) comhlíonfaidh na gabhálacha a ghabhtar i bhforanna 22-32 ICES an íosmhéid tagartha caomhnaithe 35 cm, i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241;

(c) ní dhéanfar dochar d'aon eascann a ghabhtar a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach aici, iomprófar í gan moill mhíchuí agus scaoilfear saor í láithreach in uiscí mara an Aontais in aice láimhe in áit arna hainmniú ag an mBallstát lena mbaineann, rud a chuirfeadh ar a cumas di leanúint den imirce le sruth;

(d) ní dhéanfar dochar d'aon eascann a fhoghabhtar go teagmhasach nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach aici agus scaoilfear saor í láithreach ar ais san uisce; agus

(e) déanfar an ghníomhaíocht iascaireachta i gcomhar le comhlacht eolaíoch náisiúnta.

6. Maidir le heascanna Eorpacha i bhfolimistéar 3 ICES arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán, comhaontóidh na Ballstáit uile lena mbaineann an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 3 agus an maolú orthu dá dtagraítear i mír 4 chun cosaint éifeachtach na heascainne Éorpaí a áirithiú ar a himirce ó Mhuir Bhailt isteach sa Mhuir Thuaidh. In éagmais comhaontú den sórt sin faoin 1 Aibreán 2026, is é an 15 Meán Fómhair 2026 go dtí an 15 Márta 2027 an tréimhse choiscthe sa Danmhairg, sa Ghearmáin, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn agus sa tSualainn, agus ní fhéadfaidh an maolú dá dtagraítear i mír 4 a bheith ann.

7. De mhaolú breise ar mhír 3, pointe (d), i gcás eascanna Eorpacha arb é níos lú ná 12 cm a bhfad foriomlán, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann gníomhaireachtaí iascaireachta ar feadh suas le 30 lá san iomlán, a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, a cheadú le linn na príomhthréimhse imirce, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann iascaireacht a cheadú go heisiach le haghaidh athstocála suas le 50 lá breise le linn na príomhthréimhse imirce. Sa dá chás, cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann cosc breise ar feadh tréimhse choibhéiseach ama le linn na príomhthréimhse imirce nó, ar bhonn coimhdeach, díreach roimhe nó ina diaidh. I gcás ina gceadóidh Ballstát iascaireacht a dhéanamh ar laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile, déanfar an trealamh iascaireachta a thógáil amach as an uisce le linn aon tréimhse idir laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile.

8. Toirmiscfear iascach áineasa na heascainne Eorpaí ag gach céim dá saolré.

9. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt, an Coimisiún ar an eolas:

(a) faoin 1 Bealtaine, maidir leis an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 7, mar aon leis an bhfaisnéis tacaíochta lena dtugtar bonn cirt don tréimhse nó do na tréimhsí a roghnaíodh;

(b) laistigh de 2 sheachtain tar éis a nglactha, maidir leis na bearta náisiúnta a bhaineann leis an tréimhse choiscthe nó leis na tréimhsí coiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 7;

(c) laistigh de 8 seachtaine roimh thús na tréimhse coiscthe nó na dtréimhsí coiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 7, maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i gcomhréir le mír 5: (i) áit nó áiteanna agus dáta nó dátaí na ngníomhaíochtaí iascaireachta; (ii) an líon agus an cineál oibreoirí a bhfuil coinne leo agus an comhlacht eolaíoch náisiúnta atá páirteach; agus (iii) an áit nó na háiteanna ainmnithe lena scaoileadh saor;

(d) laistigh d'uastréimhse 8 seachtaine ó dheireadh na ngníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh i gcomhréir le mír 5: (i) an líon agus an cineál oibreoirí; (ii) an líon eascann a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu agus a gabhadh le linn na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin; (ii) an líon eascann nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu agus a gabhadh le linn na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin; agus (iv) an líon eascann a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu a clibeáladh.

*Airteagal 14*

*Forálacha speisialta maidir le cionranna na ndeiseanna iascaireachta*

1. Beidh cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) asbhaintí agus breisithe de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) ath-chionrannta de bhun Airteagail 12 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403;

(d) gabhálacha breise a thabharfar i dtír arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(e) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(f) asbhaintí agus coigeartuithe de bhun Airteagail 105, 106, 107 agus 107a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(g) aistrithe agus malartuithe cuótaí de bhun Airteagail 23 agus 53 den Rialachán seo.

2. Déantar na stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim nó anailíseacha chun na TACanna agus na cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96 a shainaithint in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TAC réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáideann Ballstát an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*[Airteagal 15*
*Tréimhse choiscthe iascaireachta le haghaidh corra gainimh*

Toirmeascfar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar spéirlintí (*Ammodytes* spp.) le trál grinnill, saighean nó trealaimh tharraingthe chomhchosúla ina bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta agus ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig.]

[*Airteagal 16*
*Bearta ceartaitheacha le haghaidh trosc sa Mhuir Thuaidh*

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV na limistéir atá coiscthe don iascaireacht seachas le trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil) agus na tréimhsí a mbeidh feidhm ag na tréimhsí coiscthe lena linn.

2. Soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus saighní ina bhfuil mogallmhéid íosta 70 mm ar a laghad i ranna 4a agus 4b ICES nó 90 mm ar a laghad i roinn 3a ICES, agus spiléir[86] , cuirfear toirmeasc orthu iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais i roinn 4a ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 58°30'00'T agus laisteas de dhomhanleithead 61°30′00"T agus in uiscí an Aontais i ranna 3a.20 (Skagerrak), 4a agus 4b ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 57°00'00"T agus lastoir de dhomhanfhad 5°00'00"O.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh soithí iascaireachta dá dtagraítear sa mhír sin iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dá dtagraítear sa mhír sin ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

   (a) ní mó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána in aghaidh an turais iascaireachta; soithí iascaireachta nár mhó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána sa tréimhse 2017–2019, glactar leis go gcomhlíonann siad an critéar sin ar choinníoll go leanann siad de bheith ag úsáid an trealaimh chéanna a bhí á úsáid acu le linn na tréimhse sin; féadfar an toimhde sin a fhrisnéis;

   (b) úsáidtear trál grinnill nó saighean atá rialáilte agus ardroghnaitheach, agus dá bharr sin, de réir staidéar eolaíoch, bíonn laghdú 30 % ar a laghad ar ghabhálacha trosc i gcomparáid le soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht leis an mogallmhéid íosta do threalaimh tharraingthe, mar a shonraítear i gCuid B, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241; féadfaidh STECF meastóireacht a dhéanamh ar na staidéir sin; agus i gcás ina ndéanfaidh STECF meastóireacht dhiúltach, ní mheasfar na trealaimh lena mbaineann a bheith bailí a thuilleadh lena n-úsáid sna limistéir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;

   (c) i gcás soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 100 mm nó níos mó ná sin (TR1), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:

      (i) tráil bhoilg ina bhfuil mogallmhéid íosta 600 mm sa bholg;

      (ii) líne iascaireachta ardaithe (0,6 m);

      (iii) painéal deighilte cothrománach ina bhfuil painéal éalaithe mogaill mhóir;

[86] Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB, SDN, SSC, SX, LL, LLS.

(d) i gcás soithí a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 70 mm nó níos mó ná sin i roinn 4a ICES agus 90 mm i roinn 3a ICES, agus ar lú é ná 100 mm (TR2), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:

   (i) greille shórtála chothrománach nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na leathóga ó na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;

   (ii) painéal Seltra a bhfuil mogallmhéid cearnógach 300 mm ann;

   (iii) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;

(e) tá soithí iascaireachta faoi réir plean náisiúnta seachanta trosc chun gabhálacha trosc a choinneáil i gcomhréir leis an mbásmhaireacht iascaireachta a chomhfhreagraíonn do na deiseanna iascaireachta arna socrú, bunaithe ar leibhéil na comhairle eolaíche, trí bhearta spásúla nó teicniúla, nó meascán díobh sin; déanfar pleananna den sórt sin a mheasúnú tráth nach déanaí ná 2 mhí i ndiaidh a gcur chun feidhme, i gcás na mBallstát is é STECF a dhéanfaidh measúnú agus i gcás tríú tíortha is é an comhlacht eolaíoch náisiúnta ábhartha a dhéanfaidh measúnú, agus, i gcás ina meastar gur gá, ba cheart na pleananna sin a athbhreithniú a thuilleadh má fhaightear amach de réir na measúnuithe sin nach mbainfear amach cuspóir an phlean náisiúnta seachanta trosc.

4. Feabhsóidh na Ballstáit faireachán agus faireachas na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 chun a áirithiú go ndéanfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 a chomhlíonadh.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.]

[*Airteagal 17*

*Bearta teicniúla don Mhuir Cheilteach, do Mhuir Éireann agus d'Iarthar na hAlban*

1. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus le saighní i ranna 7f, 7g de ICES, sa chuid de 7h lastuaidh de dhomhanleithead 49 30′ ó Thuaidh agus sa chuid de 7j lastuaidh de dhomhanleithead 49 30′ ó Thuaidh agus thoir ó dhomhanfhad 11 Thiar:

   (a) soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó le saighní, úsáidfidh siad trealamh ina bhfuil ceann de na mogallmhéideanna seo a leanas:

      (i) soc-fhoirceann 110 mm le painéal de mhogall cearnógach 120 mm;

      (ii) soc-fhoirceann T90 100 mm;

      (iii) soc-fhoirceann 120 mm;

      (iv) 100 mm le painéal de mhogall cearnógach 160 mm;

   (b) ina theannta sin, soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill agus ar cadóga (*Melanogrammus aeglefinus*) iad 20 % ar a laghad dá ngabhálacha arna meá roimh aon ábhar muirí aischurtha, úsáidfidh siad trealamh iascaireachta a tógadh le spás 1 mhéadair ar a laghad idir an líne

iascaireachta agus an trealamh talún. Féadfaidh Ballstáit soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill, ar troisc iad níos lú ná 1,5 % dá ngabhálacha, arna meá roimh aon ábhar muirí aischurtha, a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm phointe (b), ar choinníoll go bhfuil na soithí sin faoi réir méadú forchéimnitheach ar chumhdach breathnóirí ar muir ar suas le 20 % ar a laghad dá dturais iascaireachta go léir é;

(c) soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní, ar gliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*) iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

(i) painéal de mhogaill 300 mm cearnach; soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, féadfaidh siad painéal de mhogall cearnógach 200 mm a úsáid;

(ii) painéal Seltra;

(iii) greille shórtála le spás 35 mm idir na barraí nó líonghreille roghnaíochta comhchosúil;

(iv) soc-fhoirceann 100 mm le painéal de mhogaill 100 mm cearnach;

(v) dé-shoc fhoirceann ar tógadh an soc-fhoirceann is uachtaraí dá chuid as mogall T90 100 mm ar a laghad agus atá feistithe le painéal deighilte ina bhfuil mogallmhéid uasta 300 mm;

(d) soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní, ar faoitíní iad níos mó ná 55 % dá ngabhálacha nó ar láimhínigh (*Lophiidae*), colmóirí (*Merluccius merluccius*) nó scoilteáin (*Lepidorhombus* spp.) le chéile iad níos mó ná 55 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

(i) soc-fhoirceann 100 mm le painéal de mhogaill 100 mm cearnach;

(ii) soc-fhoirceann T90 100 mm agus síneadh.

2. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní i ranna 6a agus 5b ICES laistigh d'uiscí an Aontais, lastoir ó 12° I (Iarthar na hAlban) in iascaigh ghliomach na hIorua:

(a) cuirfidh soithí iascaireachta painéal de mhogall cearnógach (suíomh arna choinneáil) 300 mm ar a laghad in úsáid i gcás soithí iascaireachta a úsáideann soc-fhoirceann ina bhfuil mogallmhéid is lú ná 100 mm; i gcás soithí iascaireachta ar lú ná 12 m a bhfad foriomlán nó ina bhfuil cumhacht innill 200 kW nó níos lú, féadfaidh an painéal a bheith 2 m ar fhad foriomlán agus 200 mm a bheith sa phainéal;

(b) soithí iascaireachta ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, cuirfidh siad painéal de mhogall (suíomh arna choinneáil) 160 mm cearnógach ar a laghad in úsáid i gcás soithí iascaireachta a úsáideann soc-fhoirceann ina bhfuil mogallmhéid 100-119 mm.

3. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní i roinn 7a ICES (Muir Éireann):

(a) soithí a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní a bhfuil mogallmhéid a soc-fhoircinn comhionann le 70 mm nó níos mó ná sin agus ar lú é ná

100 mm agus ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann de na trealaimh seo a leanas:

(i) painéal de mhogaill 300 mm cearnach; soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, féadfaidh siad painéal de mhogall cearnógach 200 mm a úsáid;

(ii) painéal Seltra;

(iii) greille shórtála le spás 35 mm idir na barraí;

(iv) líonghreille CEFAS;

(v) tráil flapa;

(b) soithí iascaireachta is comhionann le 12 mhéadar ar fhad iomlán nó atá níos faide ná sin, a oibríonn le tráil ghrinnill nó saighní ar cadóga, troisc, sciataí agus roic (*Rajiformes*) le chéile iad níos mó ná 10 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 120 mm.

4. Ríomhfar na céatadáin ghabhála i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo mar chion de bheomheáchan na n-acmhainní bitheolaíocha muirí uile a thabharfar i dtír tar éis gach turais iascaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

5. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta iascaireacht a dhéanamh le tráil ghrinnill agus saighní sna limistéir seo a leanas:

(a) i ranna 7b agus 7c ICES;

(b) sa limistéar laistiar de dhomhanfhad 5°I i roinn 7e ICES; agus

(c) i ranna 7f go 7k ICES.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc seo maidir le soithí iascaireachta sna cásanna seo a leanas:

(a) má úsáideann siad soc-fhoirceann de mhogallmhéid 100 mm ar a laghad; nó

(b) mura mó ná 1,5 % a bhfoghabhálacha trosc, arna measúnú ag STECF, agus iascaireacht á déanamh lasmuigh de na limistéir dá dtagraítear i mír 1.]

[*Airteagal 18*

*Bearta teicniúla le haghaidh deargán i bhfolimistéir 6 go 8 ICES*

1. Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 36 cm maidir leis na gabhálacha deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 ICES.

2. Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 40 cm maidir leis na gabhálacha áineasa deargán i bhfolimistéir 6 agus 7 ICES.

3. Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh, beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta, a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu, gach iascaireacht a dhéanamh ar dheargán i bhfolimistéir 6, 7 agus 8 ICES.

4. Ón 1 Feabhra go dtí an 30 Meán Fómhair, beidh toirmeasc ar iascaireacht le spiléir ghrinneallsocraithe (LLS) agus le tráil ghrinnill (OTB) i limistéar iarthar Mhuir Chantabriach, os coinne Asturias agus na Gailíse.

5. Toirmiscfear iascaigh áineasa le haghaidh deargán laistigh de na limistéir gheografacha seo a leanas: Limistéar RF 1 (Cariño/Celeiro), Limistéar RF 2

(Ribadeo), Limistéar RF 3 (Navia), Limistéar RF 4 (Ensenada Canero), Limistéar RF 5 (Ensenada de Cabrera/Ría San Martín de la Arena), Limistéar RF 6 (Ría de Treto), Limistéar RF 7 (Bilbao/Plentzia) agus Limistéar RF 8 (Bermeo/Mundaka).]

*Airteagal 19*
*Bearta teicniúla don séacla Artach in Skagerrak*

1. Más mó ná 30 % de ghabháil fhoriomlán an speicis sin an cion iasc óg séacla Artaigh (*Pandalus borealis*), dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 ón gCoimisiún[87], féadfaidh na húdaráis rialaithe dúnadh fíor-ama a mholadh ar bhonn sampla amháin, dá dtagraítear san Airteagal sin.

2. Trálaeir a dhíríonn ar an séacla Artach le greille Nordmøre atá roghnaíoch ó thaobh méide, dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, beidh siad faoi réir an limistéir choiscthe, dá dtagraítear san Airteagal sin.

3. Ní rachaidh an limistéar coiscthe, dá dtagraítear in Airteagal 7(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, thar 100 muirmhíle chearnógach.

4. Beidh cosc ar iascach sa limistéar, dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, dúnta ar feadh 21 lá agus ina dhiaidh sin scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige go huathoibríoch ag meán oíche AUL.

5. Tráil ghrinnill ina bhfuil mogallmhéid 32 mm ar a laghad lena ndírítear ar shéacla Artacha, agus atá feistithe le greille shórtála Nordmøre nach mó ná 19 mm an spás idir na barraí inti agus gan gaireas coinneála éisc, dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, beidh siad faoi réir an limistéir choiscthe, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán sin.

*Airteagal 20*
*Speicis atá faoi thoirmeasc*

1. Maidir leis na speicis seo a leanas, ní dhéanfaidh soithí de chuid an Aontais iascaireacht orthu, iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír:

(a) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 agus roinn 7d ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus uiscí an Aontais i roinn 3a;

(b) an t-alfainsín taibhseach (*Beryx splendens*) i bhfolimistéar 6 NAFO;

(c) an siorc gainimh (*Carcharias taurus*) sna huiscí uile seachas sa Mheánmhuir;

(d) an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéir 4, 6, 7 agus 8 ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus folimistéar 5; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 9 agus 10;

(e) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a, agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14;

---

87 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme tréimhsí coiscthe fíor-ama le haghaidh iascach séaclaí Artacha in Skagerrak (IO L 332, 23.12.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2201/oj).

(f) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 5, uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 6 go 8, agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 12 agus 14;

(g) an gainneachán flannbhuí (*Hoplostethus atlanticus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 go 10, 12 agus 14 ICES;

(h) an craosaire (*Lamna nasus*) sna huiscí uile;

(i) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;

(j) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 6 ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 10 ICES;

(k) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;

(l) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir; agus

(m) speicis domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn IA, Cuid D, in uiscí an Aontais, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta sna limistéir ICES 1, 2 (seachas uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a), 5 go 10, 12 agus 14, agus limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF, agus in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus i folimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

*Airteagal 21*
*Tarchur sonraí*

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, nó faoi bhráid an chomhlachta atá ainmnithe aige, sonraí a bhaineann le gabhálacha agus le hiarracht iascaireachta, trí mheán leictreonach, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

## Caibidil II
## Údaruithe iascaireachta in uiscí tríú tír

*Airteagal 22*
*Údaruithe iascaireachta*

1. I gcás inarb infheidhme, leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais a dhéanann iascaireacht in uiscí tríú tír.

2. I gcás ina n-aistreoidh Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tar éis dó fógra a thabhairt don Choimisiún, cuóta chuig Ballstát eile sna limistéir iascaireachta a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh aistriú iomchuí údaruithe iascaireachta ag gabháil leis an aistriú, i gcás inarb ábhartha. Ní rachfar thar an líon iomlán údaruithe

le haghaidh gach limistéir iascaireachta, mar a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo. Tabharfaidh Ballstát an aistrithe fógra don Choimisiún faoi aistriú na n-údaruithe iascaireachta tráth a dtabharfar fógra don Choimisiún faoin aistriú cuótaí.

# Caibidil III
# Deiseanna iascaireachta arna mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

## ROINN 1
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 23*
*Aistrithe nó malartuithe cuótaí*

1. I gcás ina gceadófar le rialacha eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh (ERBI) aistrithe nó malartuithe cuótaí idir na Páirtithe Conarthacha chuig an ERBI sin, féadfaidh Ballstát ('an Ballstát lena mbaineann') plé a dhéanamh le Páirtí Conarthach san ERBI sin agus leagan amach féideartha a bhunú i dtaca le haistriú nó malartú cuótaí atá beartaithe, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach sin.

2. A luaithe a thabharfaidh fógra don Choimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Coimisiún leagan amach an aistrithe nó an mhalartaithe cuótaí atá beartaithe a fhormhuiniú. Má fhormhuiníonn an Coimisiún an achoimre, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht an ERBI ábhartha maidir leis an aistriú nó malartú cuótaí i gcomhréir le rialacha an ERBI sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí arna chomhaontú.

4. Na deiseanna iascaireachta a gheofar ón bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI nó a aistreofar chuige faoin aistriú nó malartú cuótaí, measfar gur cuótaí iad a chuirfear le cionroinnt an Bhallstáit lena mbaineann nó a asbhainfear as an gcionroinnt sin, ón uair a bheidh feidhm leis an aistriú nó an malartú cuótaí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe leis an bPáirtí Conarthach ábhartha san ERBI nó i gcomhréir le rialacha ábhartha an ERBI, de réir mar is iomchuí. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don scála cionroinnte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

*[Tabharfar ranna 2 go 4 agus 8 go 9 den Rialachán seo cothrom le dáta tar éis chruinnithe bliantúla na ERBInna.]*

## [ROINN 2
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NEAFC

*Airteagal 24*
*Péirsí mara i Muir Irminger*

1. I gcomhréir le pointe 4.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[88], beidh toirmeasc ar na gníomhaíochtaí iascaireachta uile sa limistéar a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas arna dtomhas de réir chóras WGS84:

| Domhanleithead | Domhanfhad |
|---|---|
| 63°00' T | 30°00' I |
| 61°30' T | 27°35' I |
| 60°45' T | 28°45' I |
| 62°00' T | 31°35' I |
| 63°00' T | 30°00' I |

2. Péirsí domhainmhara peiligeacha éadoimhne agus péirsí domhainmhara peiligeacha doimhne (*Sebastes mentella*) ó Mhuir Irminger agus ó na huiscí máguaird (folimistéir 5, 12 agus 14 ICES, agus folimistéir 1 agus 2 NAFO), beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta iascaireacht a dhéanamh orthu nó iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcalafoirt an Aontais. Beidh an toirmeasc sin freisin ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais na nithe sin a dhéanamh i gcalafoirt tríú tír freisin.

3. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais páirt a ghlacadh in oibríochtaí trasloingsithe lena mbaineann na stoic dá dtagraítear i mír 2.

4. Beidh toirmeasc ar shoithí an Aontais athbhreoslú nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar do shoithí iascaireachta a bhfuil gabhálacha de na stoic dá dtagraítear i mír 2 acu.

5. Soithí iascaireachta atá tar éis iascach spriocdhírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír 2, ní údarófar dóibh teacht i dtír i gcalafoirt an Aontais.

6. Soithí iascaireachta atá tar éis iascach spriocdhírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír 2, ní údarófar iad le haghaidh aon ghníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais.

---

88 Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéir a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1236/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CEE) 1899/85 agus (CEE) 1638/87 ón gComhairle (IO L, 2024/2594, 8.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2594/oj).

7. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais páirt a ghlacadh in oibríochtaí trasloingsithe lena mbaineann soithí atá tar éis iascach spriocdhírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír 2.

8. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais athbhreoslú nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar do shoithí iascaireachta atá tar éis iascach spriocdhírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír 2.]

## [ROINN 3
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN ICCAT

*Airteagal 25*

*Teorainneacha maidir le hacmhainneacht iascaireachta, feirmeoireachta agus ramhraithe*

1. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI leis an líon bád baoite agus bád trollála de chuid an Aontais a údaraítear le hiascaireacht a dhéanamh go gníomhach ar thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm san Atlantach Thoir.

2. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta mionscála de chuid an Aontais a údaraítear le hiascaireacht a dhéanamh go gníomhach ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm sa Mheánmhuir.

3. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinníní gorma i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta a údaraítear le hiascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm.

4. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma nó iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

5. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn VI leis an líon gaistí a úsáidfear in iascach tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

6. Beidh teorainn, mar a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VI, le líon na bhfeirmeacha a údaraítear le tuinníní gorma a iascach agus leis an uas-ionchar tuinníní gorma a ghabhtar go fiáin san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

7. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 7 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) mar spriocspeiceas i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[89] .

8. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 8 d'Iarscríbhinn VI leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 20 m ar a laghad ar a bhfad agus a

---

[89] Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (CICTA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj).

dhéanann iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) i limistéar Choinbhinsiún CICTA.

*Airteagal 26*
*Iascach áineasa*

I gcás inarb iomchuí, cionroinnfidh na Ballstáit sciar sonrach óna gcuótaí cionroinnte ar an iascach áineasa, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn ID.

*Airteagal 27*
*Siorcanna*

1. I dteannta na dtoirmeasc a bhunaítear le hAirteagail 32 go 36 de Rialachán (AE) 2017/2107, toirmeascfar freisin tabhairt faoi iascaireacht spriocdhírithe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*. Beidh an toirmeasc breise sin gan dochar don toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2017/2107 lena dtoirmisctear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den siorc súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

2. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den mhácó biorshrónach (*Isurus oxyrinchus*) a ghabhtar san iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T.

*Airteagal 28*
*FADanna le haghaidh Tuinníní Trópaiceacha*

1. Toirmeascfar FADanna a úsáid i limistéar Choinbhinsiún ICCAT ón 17 Márta go dtí an 30 Aibreán.

2. Ón 2 Márta go dtí an 16 Márta áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfidh a soithí iascaireachta feistí comhthiomsaithe éisc.]

## [ROINN 4
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN CAMLR

*Airteagal 29*
*Fógraí maidir le hiascaigh thaiscéalaíocha don déadiasc le haghaidh shéasúr iascaireachta 2026-2027*

1. Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in iascaigh spiléireachta thaiscéalaíocha déadiasc (*Dissostichus* spp.) i bhfolimistéir 48.6, 88.1 agus 88.2 FAO agus i ranna 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a FAO lasmuigh de limistéir faoi dhlínse náisiúnta le haghaidh iascaireacht sa tréimhse ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 30 Samhain 2027, nó féadfaidh siad a soithí iascaireachta a údarú le bheith rannpháirteach iontu, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) go (7) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle[90].

[90] Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leagtar síos bearta rialaithe áirithe is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le beo-acmhainní muirí Antartacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear

2. De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu a bheith rannpháirteach in iascach taiscéalaíoch dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó a bhfuil sé beartaithe acu a soithí iascaireachta a údarú le bheith rannpháirteach ann, tabharfaidh siad fógra do Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2026.

*Airteagal 30*
*Iascach déadiasc le linn shéasúr iascaireachta 2025-2026*

1. I dteannta na gceanglas speisialta maidir le hiascaigh thaiscéalaíocha a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, beidh iascaireacht ar dhéadéisc le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026 teoranta do na Ballstáit, do na folimistéir agus don líon soithí iascaireachta a leagtar amach i dTábla A in Iarscríbhinn VII, agus do na TACanna agus do na teorainneacha foghabhála a leagtar amach i dTábla B san Iarscríbhinn sin.

2. Toirmeascfar iascaireacht dhíreach ar speicis siorcanna chun críoch eile seachas taighde eolaíoch. Scaoilfear saor ina mbeatha aon fhoghabháil siorcanna, go háirithe siorcanna óga agus baineannaigh thorracha, a ghabhfar de thaisme san iascach déadéisc.

3. I gcás inarb infheidhme, scoirfear d'iascaireacht déadiasc in aon aonad taighde ar mionscála (ATMS) nuair a shroichfidh an ghabháil arna tuairisciú an TAC sonraithe, agus beidh cosc ar iascaireacht san ATMS don chuid eile den séasúr iascaireachta.

4. Déanfar an iascaireacht ar an raon geografach agus bataiméadrach is mó is féidir chun an fhaisnéis is gá a fháil chun an acmhainneacht iascaigh a chinneadh agus chun ró-chomhchruinniú gabhálacha agus iarrachta iascaireachta a sheachaint. Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh, áfach, in áiteanna i bhfolimistéir 48.6, 88.1 agus 88.2 FAO i ndoimhneachtaí is lú ná 550 m.

*Airteagal 31*
*Iascach crilleanna le linn shéasúr iascaireachta 2026-2027*

1. Chun críocha Airteagal 5a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna (*Euphausia superba*) i limistéar Choinbhinsiún CAMLR le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 30 Samhain 2027, tabharfaidh siad fógra maidir leis sin don Choimisiún faoin 1 Bealtaine 2026, agus úsáid á baint acu as an bhfoirm i gCuid B den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VII.

2. De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit lena mbaineann, cuirfidh an Coimisiún na fógraí faoi bhráid Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha faoin 30 Bealtaine 2026.

---

Rialacháin (CEE) Uimh. 3943/90, (CE) Uimh. 66/98 agus (CE) Uimh. 1721/1999 (IO L 97, 1.4.2004, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/601/oj).

3. Áireofar leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 lena n-údarófar gach soitheach chun a bheith rannpháirteach san iascach crilleanna.

4. Maidir le Ballstát a bhfuil rún aige iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna i limistéar Choinbhinsiún CAMLR, ní thabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin rún sin ach i leith soithí iascaireachta údaraithe tráth an fhógra:

(a) a mbeidh a bhratach ar foluain acu; nó

(b) a mbeidh bratach comhalta eile den Choimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha ar foluain acu agus a mbeifí ag súil, tráth a tharlóidh an t-iascach, go mbeadh bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.

5. I gcás ina gcoiscfear ar shoitheach iascaireacht údaraithe, a tugadh fógra fúithi do Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, a bheith rannpháirteach in iascach crilleanna de bharr cúiseanna dlisteanacha oibríochtúla nó de bharr *force majeure*, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann soitheach iascaireacht ionadaíoch eile a údarú le bheith rannpháirteach san iascach sin. I gcás den sórt sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha a chur ar an eolas láithreach agus an Coimisiún i gcóip agus soláthróidh sé an méid seo a leanas:

(a) sonraí iomlána an tsoithigh (na soithí) iascaireachta ionaid atá beartaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004; agus

(b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna lena dtugtar údar leis an ionadú agus aon fhianaise thacaíochta nó tagairt ábhartha.]

## ROINN 5
## LIMISTÉAR INNIÚLACHTA IOTC

*Airteagal 32*
*Acmhainneacht iascaireachta soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht i Limistéar Inniúlachta IOTC a theorannú*

1. Is mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach san olltonnáiste.

2. Is mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar cholgáin (*Xiphias gladius*) agus tuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.

3. Féadfaidh na Ballstáit soithí iascaireachta a sannadh do cheann amháin de na hiascaigh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a ath-chionroinnt ar an iascach eile, ar choinníoll gur féidir leo a léiriú don Choimisiún nach dtiocfaidh méadú as an sannadh sin ar an iarracht iascaireachta i ndáil leis na stoic éisc lena mbaineann.

4. Áiritheoidh an Ballstát sin, i gcás ina mbeartófar acmhainneacht a aistriú chuig cabhlach an Bhallstáit, go mbeidh na soithí iascaireachta atá le haistriú ar chlár soithí iascaireachta údaraithe IOTC nó ar chlár soithí iascaireachta ERBInna eile a

bhainistíonn iascaigh tuinníní. Ní fhéadfar soithí iascaireacht a aistriú a bheidh ar liosta aon ERBI de shoithí a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN.

5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a n-acmhainneacht iascaireachta a mhéadú os cionn na n-uasteorainneacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sna pleananna forbartha a cuireadh faoi bhráid IOTC.

*Airteagal 33*
*FADanna le sruth agus soithí soláthair*

1. Feisteofar FADanna le sruth le baoithe gléasta. Toirmeascfar aon bhaoi eile, mar shampla baoithe raidió, a úsáid.

2. Ní leanfaidh soitheach iascaireachta peas-saighne níos mó ná 250 baoi oibríochtúil tráth ar bith.

3. Gheofar 500 baoi gléasta ar a mhéad ar bhonn bliantúil le haghaidh gach soithigh iascaireachta peas-saighne. Ní bheidh níos mó ná 400 baoi gléasta ag aon soitheach iascaireachta peas-saighne, idir bhaoithe atá sa stoc agus bhaoithe oibríochtúla araon, tráth ar bith.

4. Ní bheidh níos mó ná trí shoitheach soláthair mar thaca le líon nach lú ná 12 soitheach iascaireadhta peas-saighne, agus bratach Bhallstáit ar foluain acu uile. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis na Ballstáit nach mbainfidh úsáid ach as an aon soitheach soláthair amháin.

5. Ní bheidh níos mó ná aon soitheach soláthair amháin, ar a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain, mar thaca ag soitheach iascaireachta peas-saighne tráth ar bith.

6. Ní chláróidh an tAontas soithí soláthair nua ná breise i gclár soithí údaraithe IOTC.

## ROINN 6
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SPRFMO

*Airteagal 34*
*Iascach peiligeach*

1. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit sin a d'fheidhmigh gníomhaíochtaí iascaigh peiligeach go gníomhach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in 2007, 2008 nó 2009 stoic peiligeach a iascach sa limistéar sin i gcomhréir leis na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IH.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a bheidh dá dtagraítear i mír 1 na deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IH a úsáid ach ar choinníoll go seolfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas chuig an gCoimisiún ar a dhéanaí faoin 15ú lá den mhí ina dhiaidh sin, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur in iúl do Rúnaíocht SPRFMO:

   (a) liosta de na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach nó a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

   (b) tuarascálacha míosúla maidir le gabhálacha.

## Roinn 7
## Limistéar Choinbhinsiún IATTC

*Airteagal 35*
*Iascaigh pheas-saighne*

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta peas-saighne iascaireacht ar thuinnníní buí (*Thunnus albacares*), tuinnníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) ná tuinnníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*):

   (a) ó 00.00 uair an chloig an 06 Lúnasa 2026 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Deireadh Fómhair 2026 nó ó 00.00 uair an chloig an 9 Samhain 2026 go dtí 24.00 uair an chloig an 11 Eanáir 2027 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

   – imeallbhoird an Aigéin Chiúin de Chríocha Mheiriceá,

   – domhanfhad 150°I,

   – domhanleithead 40°T,

   – domhanleithead 40o°D;

   (b) ó 00.00 uair an chloig an 9 Deireadh Fómhair 2026 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Samhain 2026 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

   – domhanfhad 96o°I,

   – domhanfhad 110o°I,

   – domhanleithead 4o°T,

   – domhanleithead 3°D.

2. Tabharfaidh an Ballstát brataí sin fógra don Choimisiún roimh an 1 Aibreán 2026 maidir le cé acu tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a roghnaigh an soitheach iascaireachta i dtaca le gach ceann de na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain orthu.

3. Soithí iascaireachta peas-saighne a bheidh ag déanamh iascaireachta ar thuinnníní i limistéar Choinbhinsiún IATTC, coinneoidh siad ar bord gach tuinnín buí, gach tuinnín mórshúileach agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfaidh siad agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh siad iad a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) i gcás ina meastar go bhfuil an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid;

   (b) le linn an tacair deiridh de thuras, i gcás nach mbeidh dóthain spáis sa pholl taosctha do na tuinnníní uile a gabhadh sa tacar sin.

5. Maidir le gach soitheach iascaireachta peas-saighne a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún IATTC agus atá faoi bhratach Bhallstáit, déanfaidh an Ballstát brataí sin sonraí maidir le gabhálacha bliantúla tuinnníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún IATTC an bhliain roimhe sin a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 1 Feabhra. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur i dtoll a chéile agus a tharchur go pras chuig Rúnaíocht CICTA.

6. Cuirfear síneadh leis na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais, ar bhonn a ngabhálacha tuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún IATTC le linn na bliana roimhe sin, mar a leanas:

– i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 1 200 tona agus 1 499 dtona, cuirtear síneadh 10 lá leis an tréimhse choiscthe;

– i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 1 500 tona agus 1 799 dtona, cuirtear síneadh 13 lá leis an tréimhse choiscthe;

– i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 1 800 tona agus 2 099 dtona, cuirtear síneadh 16 lá leis an tréimhse choiscthe;

– i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 2 100 tona agus 2 399 dtona, cuirtear síneadh 19 lá leis an tréimhse choiscthe; agus

– i gcás soithí iascaireachta a ghabh 2 400 tona nó níos mó, cuirtear síneadh 22 lá leis an tréimhse choiscthe.

Beidh feidhm ag na síntí ar na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír mar a leanas:

– i gcás na tréimhse coiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), cuirtear isteach na laethanta breise roimh thús na tréimhse coiscthe sin; agus

– i gcás na tréimhse coiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), cuirtear isteach na laethanta breise tar éis dheireadh na tréimhse coiscthe sin.

I gcás gach ceann de na soithí iascaireachta lena mbaineann, cuirfidh an Ballstát brataí ábhartha an Coimisiún ar an eolas faoi na síntí maidir leis na tréimhsí coiscthe agus an Coimisiún á chur ar an eolas faoi na tréimhsí coiscthe roghnaithe i gcomhréir le mír 2.

*Airteagal 36*
*FADanna le sruth*

1. Ní bheidh níos mó ná an líon FADanna a leagtar amach sa tábla thíos in úsáid ag aon am amháin ag soitheach iascaireachta peas-saighne i limistéar Choinbhinsiún IATTC. Measfar FAD a bheith gníomhach nuair a dhéanfar é a chur in úsáid ar muir, nuair a thosóidh sé ag tarchur a shuímh, agus nuair a bheidh sé á rianú ag an soitheach iascaireachta, ag a úinéir nó ag a oibreoir. Ní dhéanfar FAD a ghníomhachtú ach amháin ar bhord soithigh peas-saighne.

| | |
|---|---|
| Soithí iascaireachta ina bhfuil toilleadh is lú ná 1 200 $m^3$ | 210 FAD |
| Soithí iascaireachta ina bhfuil toilleadh is comhionann le 1 200 $m^3$ nó is mó ná sin | 340 FAD |

2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 35(1), pointe (a), den Rialachán seo déanfaidh soitheach iascaireachta peas-saighne an méid seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún IATTC:

(a) staonadh ó FADanna a imscaradh;

(b) an líon céanna FAD a aisghabháil agus a rinne sé a imscaradh sa chéad dul síos.

*Airteagal 37*
*Teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha in iascaigh spiléireachta*

Leagtar amach in Iarscríbhinn IL na gabhálacha bliantúla iomlána le haghaidh tuinníní mórshúileacha ag soithí iascaireachta spiléireachta gach Ballstáit i limistéar Choinbhinsiún IATTC.

*Airteagal 38*
*Toirmeasc ar iascaireacht ar shiorcanna bána aigéanacha*

1. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[91], beidh toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó aon chonablach iomlán den siorc bán aigéanach (*Carcharhinus longimanus*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a dhíol nó a chur ar díol.

2. I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/56, a mhéid is féidir, déanfar siorcanna bána a scaoileadh saor go pras gan ghortú nuair a thugtar iad taobh leis an soitheach.

3. Déanfaidh oibreoirí na soitheach iascaireachta an líon scaoiltí a thaifeadadh lena dtabharfaidh siad léiriú ar stádas (marbh nó beo) agus déanfaidh siad an fhaisnéis sin a thuairisciú don Bhallstát ar náisiúnaigh de iad. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin a bailíodh le linn 2025 a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir 2026.

## [ROINN 8
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SEAFO

*Airteagal 39*
*Toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar shiorcanna domhainfharraige*

Toirmeascfar iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún SEAFO:

(a) catsúiligh thaibhsiúla (*Apristurus manis*);

(b) an lóchrannsiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);

(c) lóchrannsiorcanna earrghearra (*Etmopterus brachyurus*);

(d) lóchrannsiorcanna móra (*Etmopterus princeps*);

---

[91] Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2021 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le Limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 24, 26.1.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/56/oj).

(e) an lóchrannsiorc mín (*Etmopterus pusillus*);

(f) sciataí (*Rajidae*);

(g) fíogaigh shlime (*Scymnodon squamulosus*);

(h) siorcanna den sárord *Selachimorpha*;

(i) fíogaigh ghobacha (*Squalus acanthias*).]

## [ROINN 9
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

*Airteagal 40*
*Coinníollacha maidir le hiascaigh tuinníní mórshúileacha, tuinníní buí, tuinníní aigéanacha agus thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas*

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó ná 403 an líon laethanta iascaireachta a chionroinnfear ar shoithí iascaireachta peas-saighne a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*), tuinníní buí (*Thunnus albacares*) agus tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) sa chuid de limistéar Choinbhinsiún WCPFC i limistéir na mórmhara idir 20° T agus 20° D.

2. Ní dhíreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas (*Thunnus alalunga*) i limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20° D.

3. An líon uasta soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní trópaiceacha sa chuid de limistéar Choinbhinsiún WCPFC i limistéir na mórmhara idir 20° T agus 20° D, ní rachaidh sé thar na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, Tábla 2.

*Airteagal 41*
*Bainistiú na hiascaireachta le FADanna*

1. Sa chuid sin de limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D, ní dhéanfaidh soithí iascaireachta peas-saighne, soithí tairisceana, agus aon soitheach eile a oibríonn mar thacaíocht do shoithí iascaireachta peas-saighne, FADanna a imscaradh, a sheirbhísiú nó eangacha a chur orthu idir 00.00 uair an chloig an 1 Iúil 2026 agus 24.00 uair an chloig an 15 Lúnasa 2026.

2. I dteannta an toirmisc a leagtar amach i mír 1, toirmeascfar eangacha a chur ar FADanna ar mórmhuir i limistéar Choinbhinsiún WCPFC atá suite idir 20° T agus 20° D ar feadh mí bhreise amháin, ó 00.00 uair an chloig an 1 Aibreán 2026 go 24.00 uair an chloig an 30 Aibreán 2026, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Bealtaine 2026 go 24.00 uair an chloig an 31 Bealtaine 2026, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Samhain 2026 go 24.00 uair an chloig an 30 Samhain 2026, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Nollaig 2026 go 24.00 uair an chloig an 31 Nollaig 2026.

3. Cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann go comhpháirteach cé acu de na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 2 a mbeidh feidhm aici maidir le soithí iascaireachta peas-saighne a mbeidh a mbratach ar foluain acu. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go comhpháirteach faoin 15 Feabhra 2026 maidir leis an tréimhse choiscthe a roghnaíodh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht WCPFC maidir leis an gcomhthréimhse choiscthe a roghnaigh na Ballstáit lena mbaineann roimh an 1 Márta 2026.

4. Áiritheoidh gach Ballstát nach mó ná 350 an líon FADanna a mbeidh baoithe gléasta gníomhachtaithe acu a dhéanfaidh soithí iascaireachta peas-saighne dá chuid a imscaradh ar muir ag aon am amháin. Ní dhéanfar na baoithe a ghníomhachtú ach amháin ar bord soithigh iascaireachta peas-saighne.

*Airteagal 42*
*An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar cholgáin*

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar cholgáin (*Xiphias gladius*) i limistéir de limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20° D.

*Airteagal 43*
*Teorainneacha gabhála le haghaidh colgán in iascaigh spiléireachta laisteas de 20°D*

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na gabhálacha colgán laisteas de 20° D ag soithí spiléireachta in 2026 thar an teorainn a leagtar amach i dTábla 2 in Iarscríbhinn IG. Áiritheoidh siad freisin nach n-aistreofar an iarracht iascaireachta le haghaidh colgán chuig an limistéar atá lastuaidh de 20° D dá bharr sin.]

## ROINN 10
## MUIR BHEIRING

*Airteagal 44*
*Toirmeasc ar mhangaigh a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring*

Toirmeascfar mangaigh (*Gadus chalcogrammus*) a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring.

## ROINN 11
## LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ SIOFA

*Airteagal 45*
*Teorainneacha le hiascaireacht ghrinnill*

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a iascann i limistéar Chomhaontú SIOFA, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar a n-iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil a theorannú go dtí na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn X;

(b) nach rachaidh siad i mbun iascaireacht ghrinnill ach i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill;

(c) nach ndéanann siad iascaireacht sna limistéir choiscthe bheantacha in Gulden Draak, Rusky, Fools-Flat, East Broken Ridge, Mid-Indian Ridge, Atlantis Bank, Bridle, Banana agus Middle of What, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK;

(d) nach ndéanfar iascaireacht sna limistéir choiscthe bheantacha de chuid Walter’s Shoal, Coral agus Magneto, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill agus ar an gcoinníoll breathnóir eolaíoch a bheith ar bord acu i gcónaí le linn dóibh a bheith ag iascaireacht sna limistéir sin; agus

(e) nach ndéanfar iascaireacht le spiléir ghrinnill i bhfolimistéar 5, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK.

*Airteagal 46*
*Bearta iascaigh déadiasc*

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a dhéanann iascaireachta ar dhéadéisc (*Dissostichus* spp.) i limistéar Chomhaontú SIOFA, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) nach ndéanann siad iascaireacht i ndoimhneacht is éadoimhne ná 500 méadar;

(b) go mbeidh ar a laghad breathnóir eolaíoch amháin ar bord acu i gcónaí a mbeidh sé mar sprioc aige 25 % de na duáin a tharlaítear in aghaidh na líne a bhreathnú le linn na hiascaireachta; agus

(c) eiseamail déadéisc a chlibeáil agus a scaoileadh ar ráta cúig iasc ar a laghad in aghaidh an tona de mheáchan glas a ghabhtar; a luaithe a bheidh 30 déadiasc nó níos mó gafa, beidh feidhm ag staidreamh forluí íosta de 60 % ar a laghad le haghaidh scaoileadh clibeála.

*Airteagal 47*
*Toirmeasc ar dhíriú ar shiorcanna domhainfharraige*

Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Chomhaontú SIOFA:

(a) an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*), seachas i gcomhthéacs an liúntais foghabhála mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IK;

(b) an fíogach éansocach (*Deania calceus*);

(c) an siorc slogach (*Centrophorus granulosus*);

(d) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*);

(e) catsúileach Bach (*Bythaelurus bachi*);

(f) ciméara an bhéal dorcha (*Chimaera buccanigella*);

(g) ciméara Falkor (*Chimaera didierae*);

(h) siorc taibhsiúil an mhairnéalaigh (*Chimaera willwatchi*);

(i) an fíogach slim socfhada (*Centroselachus crepidater*);

(j) an fíogach slim mórspíne (*Scymnodon squamulosus*);

(k) an fíogach slim (*Zameus squamulosus*);

(l) an lóchrannsiorc bánleicneach (*Etmopterus alphus*);

(m) catsúileach an bhoilg bhig (*Apristurus indicus*);

(n) an ciméara socfhada (*Harriotta raleighana*);

(o) catsúileach an chinn chaoil (*Bythaelurus tenuicephalus*);

(p) an siorc rufach (*Chlamydoselachus anguineus*);

(q) an siorc bó mórshúileach (*Hexanchus nakamurai*);

(r) an lóchrannsiorc mín (*Etmopterus pusillus*);

(s) suansiorc an deiscirt (*Somniosus antarcticus*);

(t) an siorc gruagaigh (*Mitsukurina owstoni*);

(u) an lóchrannsiorc súilghorm (*Etmopterus viator*);

(v) an lóchrannsiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);

(w) an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*);

(x) an siorc slogach beag (*Centrophorus uyato*);

(y) an fíogach gobach gearrspíne (*Squalus mitsukurii*);

(z) an fíogach socfhada (*Deania quadrispinosa*);

(za) an fíogach ceannbhiorach (*Deania profundorum*);

(zb) sciata Cristina (*Bathyraja tunae*);

(zc) an ciméara srónbhosach (*Rhinochimaera africana*);

(zd) catsúileach an tsoic bhreacdhorcha(*Bythaelurus naylori*).

## ROINN 12
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

*Airteagal 48*
*Iascach ronnach Seapánach*

1. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, tarchuirfidh na Ballstáit bhrataí na sonraí comhiomlánaithe seo a leanas chuig an gCoimisiún faoi na dátaí seo a leanas:

   (a) gabhálacha míosúla faoi na teorainneacha gabhála le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) i gcomhair Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IM i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin faoi bhun 60 %, faoin seachtú lá den mhí dár gcionn; agus

   (b) gabhálacha seachtainiúla ronnach Seapánach faoi na teorainneacha gabhála sin i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin os cionn 60 % agus faoi bhun 95 %, faoi Mháirt na seachtaine dár gcionn.

   Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur i dtoll a chéile agus a tharchur go pras chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NPFC.

2. Laistigh de 2 lá ó dháta eisiúna na bhfógraí ó Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC lena dtabharfar le fios gur bhain úsáid na dteorainneacha gabhála sin 95 % amach, dúnfaidh an Coimisiún na hiascaigh faoi na teorainneacha gabhála sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún gabhálacha bliantúla ronnach Seapánach i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chur i dtoll a chéile agus a tharchur chuig Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC faoi dheireadh mhí Feabhra na bliana dár gcionn.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le gabhálacha a leagtar amach in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 49*
*Siorcanna i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chosaint*

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, ní dhéanfaidh siad iascaireacht ar shiorcanna ná ní dhéanfaidh

siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír i limistéar Choinbhinsiún NPFC.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

*Airteagal 50*
*Éisc anadromacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chosaint*

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC iascaireacht ar bhradáin keta (*Oncorhynchus keta*), bradáin coho (*Oncorhynchus kisutch*), bradáin bhándearga (*Oncorhynchus gorbuscha*), bradáin dhearga (*Oncorhynchus nerka*), ríbhradáin (*Oncorhynchus tshawytscha*), bradáin masu (*Oncorhynchus masou*) agus bric dhea-dhathacha (*Oncorhynchus mykiss*) ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

# TEIDEAL III
# DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR IN UISCÍ AN AONTAIS

*Airteagal 51*
*Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua nó bratach Oileáin Fharó ar foluain acu*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua nó bratach Oileáin Fharó ar foluain acu, féadfaidh an Coimisiún iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403 agus gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

*Airteagal 52*
*Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, i mBáillcheantar Gheansaí, i mBáillcheantar Gheirsí nó in Oileán Mhanann, agus atá ceadúnaithe ag lucht riaracháin iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, i mBáillcheantar Gheansaí, i mBáillcheantar Gheirsí nó in Oileán Mhanann, agus atá ceadúnaithe ag lucht riaracháin iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, féadfaidh an Coimisiún iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

*Airteagal 53*
*Aistrithe cuótaí nó malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe*

1. Déanfar aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cuótaí a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe, féadfaidh sé achoimre ar an aistriú cuótaí nó ar an malartú cuótaí a phlé leis an Ríocht Aontaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach sin.

3. I gcás ina bhformhuineoidh an Coimisiún imlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí dá dtagraítear i mír 2 ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith, cuirfidh sé in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal den aistriú cuótaí nó den mhalartú cuótaí sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh.

4. Maidir leis na deiseanna iascaireachta a fhaightear ón Ríocht Aontaithe nó a aistrítear chuici faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh, measfar é a bheith ina chuóta arna chur le cionroinnt chearta an Bhallstáit lena mbaineann nó arna asbhaint ón gcionroinnt sin, ón nóiméad a thugtar fógra maidir leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí i gcomhréir le mír 3. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don scála cionroinnte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

*Airteagal 54*
*Soithí iascaireachta faoi bhratach Veiniséala*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu, beidh siad faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403 agus gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

*Airteagal 55*
*Údaruithe iascaireachta*

Is mar a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a bheidh an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta tríú tír a oibríonn in uiscí an Aontais.

*Airteagal 56*
*Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír*

Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7 maidir leis na gabhálacha agus na foghabhálacha a dhéanfaidh soithí iascaireachta tríú tír faoi na húdaruithe iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 57.

*Airteagal 57*
*Speicis atá faoi thoirmeasc*

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireacht tríú tír na speicis seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír i gcás ina ngeofar in uiscí an Aontais iad:

(a) an siorc tíograch gainimh (*Carcharias taurus*) in uiscí uile an Aontais;

(b) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí an Aontais i ranna 3a agus 7d ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES;

(c) an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4 agus 6 go 10 ICES;

(d) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 4, 6, 7 agus 8 ICES;

(e) an gainneachán flannbhuí (*Hoplostethus atlanticus*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4 agus 6 go 10 ICES;

(f) an craosaire (*Lamna nasus*) in uiscí uile an Aontais;

(g) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;

(h) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6 agus 10 ICES;

(i) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) in uiscí an Aontais sa Mheánmhuir;

(j) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) in uiscí uile an Aontais; agus

(k) speiceas domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn IA, Cuid D, in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6 go 10 ICES agus i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF agus in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

# TEIDEAL IV
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*[Déanfar Airteagal 58 a thabhairt cothrom le dáta tar éis fhoilsiú na comhairle eolaíche maidir le foghabhálacha dosheachanta in iascaigh mheasctha.]*

[*Airteagal 58*
*Leasú ar Rialachán (AE) 2025/202*

Leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 mar a leanas:

(1) Cuirtear isteach Airteagal 19a seo a leanas:

‘*Airteagal 19a*
*Bearta ceartaitheacha don trosc agus don sól coiteann in Kattegat*

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht in Kattegat le tráil ghrinnill[92] ina bhfuil mogallmhéid íosta 70 mm, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh roghnaitheacha seo a leanas:

[92] Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB, SDN, SSC, SX, LL, LLS.

(a) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;

(b) greille shórtála nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na leathóga ó na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;

(c) painéal Seltra a bhfuil mogallmhéid cearnógach 300 mm ann;

(d) trealamh ardroghnaitheacha rialáilte, a mbeidh níos lú ná 1,5 % gabhálacha trosc ann mar thoradh ar a shaintréithe teicniúla, de réir staidéar eolaíoch arna mheasúnú ag STECF, i gcás soithí iascaireachta a bhfuil an trealamh sin á iompar acu ar bord go heisiach.

2. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá rannpháirteach i dtionscadal a reáchtálann Ballstát agus a mbeidh trealamh acu a fheidhmeoidh le haghaidh iascach lándoiciméadaithe, féadfaidh siad trealamh a úsáid i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Faoin 31 Márta cuirfidh an Ballstát lena mbaineann liosta de shoithí den sórt sin in iúl don Choimisiún.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 63(e):

'(e) Beidh feidhm ag Airteagal 19 ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025;']

(3) Cuirtear isteach Airteagal 63(ea) mar a leanas:

'(ea) Beidh feidhm ag Airteagal 19a ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;']

*Airteagal 59*
*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 60*
*Forálacha idirthréimhseacha*

Leanfaidh Airteagail 9 go 13, 15 go 20, 24, 27, 38, 39, 44, 45, 47, 49 agus 57 den Rialachán seo d'fheidhm a bheith acu, *mutatis mutandis*, in 2027 go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socrófar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2026 i bhfeidhm.

*Airteagal 61*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Mar sin féin:

(a) Beidh feidhm ag Airteagal 12(1) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid A, a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar CECAF 34.1.1, cibé acu is túisce;

(b) Beidh feidhm ag Airteagal 13(1) go (8) ón 1 Aibreán 2026 go dtí an 31 Márta 2027;

(c) Beidh feidhm ag Airteagal 13(9) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Márta 2027;

(d) Beidh feidhm ag Airteagail 17 agus 18 ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomhartha tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le bearta teicniúla don Mhuir Cheilteach, do Mhuir Éireann agus d'Iarthar na hAlban agus bearta teicniúla le haghaidh deargán i bhfolimistéir 6, 7 agus 8 ICES, cibé acu is túisce;

(e) Beidh feidhm ag Airteagal 19 ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 nó go dtí an dáta a thiocfaidh Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún i bhfeidhm lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, cibé acu is túisce;

(f) Beidh feidhm ag Airteagal 23 ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027;

(g) Beidh feidhm ag Airteagal 24 ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 54(1), pointe (m), de Rialachán (AE) 2024/2594 agus lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le bearta teicniúla le haghaidh péirsí mara i Muir Irminger agus sna huiscí máguaird, cibé acu is túisce;

(h) Beidh feidhm ag Airteagal 27(2) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó ón dáta a thiocfaidh leasú ar Rialachán (AE) 2017/2107 i bhfeidhm, leasú lena dtugtar isteach toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den mhácó biorshrónach (*Isurus oxyrinchus*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T, a ghabhtar in iascaigh i limistéar Choinbhinsiún CICTA, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, cibé acu is túisce;

(i) Beidh feidhm ag Airteagail 30 agus ag Iarscríbhinn VII ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026;

(j) Beidh feidhm ag Airteagal 35(1), pointe (a), ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 11 Eanáir 2027;

(k) Beidh feidhm ag Airteagal 38(3) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó ón dáta a thiocfaidh leasú ar Rialachán (AE) 2021/56 chun bheith infheidhme maidir le taifeadadh, arna dhéanamh ag oibreoirí soithí iascaireachta, an lín siorcanna bána aigéanacha a scaoiltear maille le léiriú ar a stádas agus an fhaisnéis sin a thuairisciú don Bhallstát ar náisiúnaigh de iad, cibé acu dáta is túisce;

(l) Beidh feidhm ag Roinn 12 ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027 nó go dtí an dáta a thiocfaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm lena leagfar síos bearta comhfhreagracha;

(m) Beidh feidhm freisin ag Iarscríbhinní IA go IJ, agus ag Iarscríbhinn IL, in 2027 agus 2028, i gcás ina sonrófar sin sna hIarscríbhinní sin;

(n) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn IA, Cuid B, Táblaí 116 go 118, fonótaí 1, ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le maolú ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás fíogaigh ghobacha, cibé acu is túisce;

(o) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn IK ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin;

(p) Beidh feidhm ag Iarscríbhinní IM agus XI ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027;

(q) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn II ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027;

(r) na teorainneacha gabhála agus iarrachta arna socrú leis an Rialachán seo le haghaidh 2026 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh 2027 agus 2028 freisin, leanfaidh siad d’fheidhm a bheith acu in 2026, agus i gcás inarb ábhartha in 2027 agus in 2028, go heisiach chun na gcríoch seo a leanas:

   (i) malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (ii) asbhaintí agus breisithe de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

   (iii) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; agus

   (iv) asbhaintí agus coigeartuithe de bhun Airteagail 105, 106, 107 agus 107a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*